Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
22 Nollaig 2020

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint** 1

★ **Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027** 11

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19** 23

COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

★ **Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach** 28

GA

* Faoin tagairt L 433 I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE, Euratom) 2020/2092 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2020

maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 322(1) (a) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2])

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Mar a mheabhraítear in Airteagal 2 CAE, is comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

(2) Sna conclúidí uaithi an 21 Iúil 2020, dúirt an Chomhairle Eorpach go bhfuiltear chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá leabaithe sna Conarthaí, go háirithe na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE. Ina theannta sin, chuir sí i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus a thábhachtaí atá sé an smacht reachta a urramú.

(3) Leis an smacht reachta, ceanglaítear go gníomhaíonn na cumhachtaí poiblí uile laistigh de na srianta atá leagtha amach le dlí, i gcomhréir le luachanna an daonlathais agus le hurraim na gceart bunúsach, mar a shonraítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt") agus in ionstraimí eile is infheidhme, agus faoi rialú ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta. Ceanglaítear leis, go háirithe, go ndéanfar prionsabail na dlíthiúlachta ([3]), arb é a thugtar le tuiscint léi gurb ann do phróiseas déanta dlí trédhearcach, cuntasach, daonlathach

([1]) IO C 291, 17.8.2018, lch. 1.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 14 Nollaig 2020. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([3]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Aibreán 2004, CAS Succhi di Frutta, C-496/99 P, ECLI:EU:C:2004:236, mír 63.

agus iolraíoch; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ([4]); prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin ([5]); prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí, lena n-áirítear an rochtain ar cheartas, ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta ([6]); agus prionsabal scaradh na gcumhachtaí ([7]), a urramú ([8]).

(4) Maidir leis na critéir aontachais, a bunaíodh le Comhairle Eorpach Chóbanhávan sa bhliain 1993 agus a treisíodh le Comhairle Eorpach Mhaidrid sa bhliain 1995, is iadsan is coinníollacha bunriachtanacha nach mór do thír is iarrthóir a chomhlíonadh chun teacht chun bheith ina Ballstát den Aontas. Cumhdaítear na critéir sin in Airteagal 49 CAE anois.

(5) A luaithe a thagann tír is iarrthóir chun bheith ina Ballstát, bíonn an tír sin rannpháirteach i struchtúr dlí atá bunaithe ar an réamhleagan bunúsach gur comhluachanna ag na Ballstát uile eile na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus aithníonn sé go gcomhroinneann siad iad leis, mar a luaitear in Airteagal 2 CAE. Leis an réamhleagan sin, tugtar le tuiscint go bhfuil iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit go ndéanfar na comhluachanna sin a aithint agus, dá bhrí sin, go n-urramófar dlí an Aontais lena ndéantar iad a chur chun feidhme, agus tugann an réamhleagan sin an bonn cirt leis an méid sin ([9]). Ba cheart go leanfadh dlíthe agus cleachtais Ballstát de na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chomhlíonadh.

(6) Cé nach bhfuil aon ordlathas i gceist le luachanna an Aontais, tá urraim don smacht reachta bunriachtanach chun na luachanna bunúsacha eile ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chosaint, luachanna amhail an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas agus an urraim do chearta an duine. Tá dlúthbhaint idir an urraim don smacht reachta agus an urraim don daonlathas agus do na cearta bunúsacha Ní féidir daonlathas agus urraim do chearta bunúsacha a bheith ann gan urraim don smacht reachta, agus vice versa.

(7) Aon uair a chuireann Ballstáit buiséad an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear acmhainní a leithdháiltear trí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú de bhun Rialachán (AE) 2020/2094 ([10]), agus trí iasachtaí agus ionstraimí eile arna ráthú ag buiséad an Aontais, agus gan beann ar an modh cur chun feidhme a úsáideann siad, is réamhchoinníoll bunriachtanach é an urraim don smacht reachta chun prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais atá cumhdaithe in Airteagal 317 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh.

(8) Ní féidir le Ballstáit bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú ach amháin má ghníomhaíonn údaráis phoiblí i gcomhréir leis an dlí, má dhéanann seirbhísí imscrúdaitheacha agus seirbhísí ionchúisimh cásanna calaoise, lena n-áirítear calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú, agus coinbhleacht leasa nó sáruithe eile ar an dlí a leanúint go héifeachtach, agus más féidir cinntí treallacha nó neamhdhleathacha údarás poiblí, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha agus ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(9) Ba cheart go ráthófaí neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na breithiúnachta i gcónaí, agus ba cheart do sheirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh a bheith in ann a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go cuí. Ba cheart acmhainní agus nósanna imeachta leordhóthanacha airgeadais agus daonna a bhronnadh ar an mbreithiúnacht, agus ar sheirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh le gníomhú go héifeachtach agus ar shlí ina dtugtar lánurraim don cheart chun triail chóir, lena n-áirítear an urraim ar na cearta chun cosanta. Ba cheart breithiúnais chríochnaitheacha a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá na coinníollacha sin de dhíth mar ráthaíocht íosta i gcoinne cinntí neamhdhleathacha treallacha de chuid údaráis phoiblí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais.

([4]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Samhain 1981, Amministrazione delle finanze dello Stato v Srl Meridionale Industria Salumi agus daoine eile Ditta Italo Orlandi & Figlio agus Ditta Vincenzo Divella v Amministrazione delle finanze dello Stato. Cásanna uamtha 212 go 217/80, ECLI:EU:C:1981:270, mír 10.

([5]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 1989, Hoechst, Cásanna uamtha 46/87 agus 227/88, ECLI:EU:C:1989:337, mír 19.

([6]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 27 Feabhra 2018, Associação Sindical dos Juízes Portugueses v Tribunal de Contas C-64/16, ECLI:EU:C:2018:117, míreanna 31, 40-41; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Iúil 2018, LM, C-216/18 PPU, ECLI:EU:C:2018:586, míreanna 63-67.

([7]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, Kovalkovas, C-477/16, ECLI:EU:C:2016:861, mír 36; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, PPU Poltorak, C-452/16, ECLI:EU:C:2016:858, mír 35; agus Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Nollaig 2010, DEB,C-279/09, ECLI:EU:C:2010:811, mír 58.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Creat AE nua chun an Smacht Reachta a neartú", COM(2014) 158 final, Iarscríbhinn I.

([9]) Tuairim 2/13 EU:C:2014:2454, mír 168.

([10]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (Féach leathanach 23 den Iris Oifigiúil seo).

(10) Glactar leis go háirithe, má tá an bhreithiúnacht neamhspleách, go bhfuil an comhlacht breithiúnach lena mbaineann in ann a fheidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú faoi na rialacha ábhartha agus sa chleachtas araon, ar bhealach iomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir ag aon srian ordlathais ná a bheith ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar chor ar bith, go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. Le ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, tá rialacha de dhíth, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus forais lena chomhaltaí a dhiúltú agus a chur as oifig, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine aonair maidir leis an gcomhlacht sin a bheith beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair.

(11) Tá an urraim don smacht reachta bunriachtanach ní hamháin do shaoránaigh an Aontais, ach tá sí bunriachtanach freisin do thionscnaimh ghnó, don nuálaíocht, don infheistíocht, do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, a mbeidh an borradh is mó fúthu i gcás ina mbíonn creat daingean dlí agus institiúideach i bhfeidhm.

(12) Le hAirteagal 19 CAE, ina léirítear go nithiúil an luach atá leis an smacht reachta a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, ceanglaítear ar Bhallstáit cosaint dlí éifeachtach a sholáthar sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, lena n-áirítear na réimsí sin a bhfuil baint acu le buiséad an Aontais a chur chun feidhme. Is é croí an smachta reachta an t-athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, atá ceaptha chun comhréireacht le dlí an Aontais a áirithiú, a bheith ann, agus tá cúirteanna neamhspleácha de dhíth chuige sin ([11]). Tá sé bunriachtanach neamhspleáchas na gcúirteanna a choinneáil, mar atá dearbhaithe sa dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt ([12]). Is fíor an méid sin, go háirithe, don athbhreithniú breithiúnach ar bhailíocht beart, conarthaí nó ionstraimí eile a n-eascraíonn caiteachas poiblí nó fiachas poiblí astu, *inter alia* i gcomhthéacs nósanna imeachta um sholáthar poiblí a fhéadfar a thabhairt os comhair na gcúirteanna freisin.

(13) Dá bhrí sin, tá gaol soiléir idir an urraim don smacht reachta agus cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

(14) D'fhorbair an tAontas ionstraimí agus próisis éagsúla lena gcuirtear chun cinn an smacht reachta agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, Sásra Eorpach an Smachta Reachta agus Scórchlár Ceartais AE, agus is leo sin a thugtar freagairt éifeachtach ó institiúidí de chuid an Aontais ar sháruithe ar an smacht reachta trí imeachtaí um shárú agus an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE. Comhlánaítear na hionstraimí sin leis an sásra dá bhforáiltear sa Rialachán seo trí bhuiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta lena ndéantar difear dá bhainistíocht fónta airgeadais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(15) Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, go háirithe sáruithe lena ndéantar difear d'fheidhmiú cuí údarás poiblí agus d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, is féidir leo dochar tromchúiseach a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais. Is amhlaidh atá i gcás sáruithe aonair ar phrionsabail an smachta reachta agus is fíor sin murab ionann agus riamh i gcás sáruithe forleathana nó a tharlaíonn mar gheall ar chleachtais nó neamhghníomhartha a dhéanann údaráis phoiblí, nó mar gheall ar bhearta ginearálta arna nglacadh ag údaráis den sórt sin.

(16) Tá measúnú cáilíochtúil críochnúil ón gCoimisiún de dhíth chun na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint. Ba cheart an measúnú sin a bheith oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom agus ba cheart go gcuirfí san áireamh leis faisnéis ábhartha ó na foinsí atá ar fáil agus ó institiúidí aitheanta, lena n-áirítear breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta agus Scórchlár Ceartais AE, tuarascálacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), tuarascálacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) de réir mar is ábhartha, agus conclúidí agus moltaí ó eagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear comhlachtaí de chuid Chomhairle na hEorpa amhail Grúpa Stát na hEorpa i gcoinne Éillithe (GRECO) agus Coimisiún na Veinéise, go háirithe seicliosta an smachta reachta dá chuid, agus líonraí Eorpacha na gcúirteanna uachtaracha agus na gcomhairlí a bhíonn ag an mbreithiúnacht. Bheadh an Coimisiún in ann dul i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le Coimisiún na Veinéise dá mba ghá chun críocha measúnú cáilíochtúil críochnúil a dhéanamh.

([11]) Cás C-64/16, mír 32-36.
([12]) Cás C-64/16, mír 40-41.

(17) Tá gá le bearta faoin Rialachán seo go háirithe i gcásanna nach gceadófaí, le nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais, buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí. Foráiltear le reachtaíocht airgeadais an Aontais agus leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme d'fhéidearthachtaí éagsúla chun buiséad an Aontais a chosaint, lena n-áirítear idirbhristeacha, fionruithe nó ceartuithe airgeadais atá nasctha le neamhrialtachtaí nó le heasnaimh thromchúiseacha sna córais bainistithe agus rialaithe. Ba cheart na bearta atá le glacadh i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus an nós imeachta is inleanta le bearta den sórt sin a ghlacadh a chinneadh. Ba cheart a áireamh sna bearta sin íocaíochtaí agus gealltanais a chur ar fionraí, eisíoc na dtráthchodanna nó luath-aisíoc iasachtaí a chur ar fionraí, cistiú faoi ghealltanais reatha a laghdú, agus toirmeasc ar ghealltanais nua a dhéanamh le faighteoirí agus toirmeasc ar ghealltanais nua a dhéanamh maidir le hiasachtaí nó le hionstraimí eile a ráthaítear le buiséad an Aontais.

(18) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal na comhréireachta agus na bearta atá le glacadh á gcinneadh, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar thromchúis na staide, an méid ama atá imithe thart ó thosaigh an t-iompar ábhartha, an fad a mhair an t-iompar agus a mhinice a tharla sé arís, an méid a bhí ar intinn, leibhéal an chomhoibrithe ón mBallstát lena mbaineann chun deireadh a chur le sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus na héifeachtaí ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais.

(19) Tá sé bunriachtanach leasanna dlisteanacha faighteoirí agus tairbhithe deiridh a choimirciú go cuí nuair a dhéantar bearta a ghlacadh i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Agus breithniú á dhéanamh ar ghlacadh beart, ba cheart don Choimisiún an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh a chur san áireamh. Agus é á chur san áireamh go bhfuil íocaíochtaí bainistíochta roinnte ón gCoimisiún chuig na Ballstáit neamhspleách ó thaobh dlí de ar íocaíochtaí a dhéanann údaráis náisiúnta le tairbhithe, níor cheart a mheas go ndéanann bearta iomchuí arna nglacadh faoin Rialachán seo difear d'infhaighteacht an chistithe le haghaidh íocaíochtaí le tairbhithe de réir na spriocamanna íocaíochta a leagtar amach faoi na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme. Na cinntí a ghlactar faoin Rialachán seo agus na hoibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh a leagtar amach sa Rialachán seo is cuid iad de dhlí infheidhme an Aontais i ndáil le cistiú a chur chun feidhme i mbainistíocht roinnte. Ba cheart do na Ballstáit a mbaineann na bearta leo tuairisciú go rialta don Choimisiún maidir lena n-oibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh a bheith á gcomhlíonadh acu. Trí thuairisciú ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí íocaíochta i leith tairbhithe a leagtar amach sna rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a fhíorú nach mbeidh tionchar ag cinntí a dhéanfar faoin Rialachán seo, ar aon bhealach, go díreach nó go hindíreach, ar na híocaíochtaí a bheidh le déanamh faoi na rialacha earnáilshonracha agus airgeadais is infheidhme.

Chun an chosaint a thugtar d'fhaighteoirí nó tairbhithe deiridh a threisiú, ba cheart don Choimisiún faisnéis agus treoir a sholáthar trí shuíomh gréasáin nó tairseach idirlín, chomh maith le huirlisí leormhaithe chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon sárú ar an oibleagáid dhlíthiúil atá ar eintitis rialtais agus ar na Ballstáit leanúint d'íocaíochtaí a dhéanamh tar éis glacadh bearta de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún obair leantach a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin chun a fhíorú ar urramaíodh na rialacha is infheidhme, go háirithe Airteagal 63, pointe (b) d'Airteagal 68(1) agus Airteagal 98 de Rialachán (AE) .../... an ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí ([13]). I gcás inar gá, chun a áirithiú go n-íocfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, ba cheart don Choimisiún íocaíochtaí a rinneadh a aisghabháil, nó de réir mar is iomchuí, ceartú airgeadais a dhéanamh trí thacaíocht ón Aontais do chlár a laghdú i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme.

(20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus i bhfianaise a thábhachtaí agus atá éifeachtaí airgeadais na mbeart arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle, ar cheart di gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún.

([13]) Níor foilsíodh fós san Iris Oifigiúil

(21) Sula molfaidh an Coimisiún go ndéanfaí aon bheart a ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dó an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcúis a measann sé go bhféadfadh sé gurbh ann do sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sa Bhallstát sin. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann a bharúlacha a chur isteach. Ba cheart don Choimisiún na barúlacha sin a chur san áireamh.

(22) Agus teorainneacha ama á socrú aige i gcomhréir leis an Rialachán seo don Bhallstát lena mbaineann, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, an oiread faisnéise a cuireadh ar fáil agus a iarradh, castacht na bhfíoras ábhartha agus an mheasúnaithe a rinneadh orthu, a chur san áireamh, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann.

(23) I gcás ina measann an Coimisiún, tar éis dó anailís a dhéanamh ar bharúlacha an Bhallstáit lena mbaineann, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta a ghlacadh, ba cheart dó togra chun bearta iomchuí a ghlacadh a chur faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart don Chomhairle gníomhú i leith an togra ón gCoimisiún chun bearta iomchuí a ghlacadh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme laistigh de thréimhse aon mhí amháin, a bhféadfar, go heisceachtúil, síneadh nach mó ná dhá mhí bhreise a chur léi. D'fhonn a áirithiú go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh laistigh de na teorainneacha ama sin, ba cheart don Choimisiún an úsáid is iomchuí a bhaint as a chearta faoi Airteagal 237 CFAE agus Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([14]).

(24) Tar éis glacadh aon bheart de bhun an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go rialta ar an staid sa Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an staid nuair a ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann bearta feabhais nua, nó in aon chás bliain amháin ar a dhéanaí tar éis glacadh na mbeart.

(25) Ba cheart don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, bearta ag a bhfuil éifeacht fionraíochta a bhaint, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimmisiún, más rud é go bhfuil an staid as ar eascair forchur na mbeart sin leigheasta go leordhóthanach.

(26) Maidir leis an nós imeachta lena nglacfar agus lena mbainfear na bearta, a cheart prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát a urramú, agus ba cheart an nós imeachta a dhéanamh de réir cur chuige neamhpháirteach fianaisebhunaithe. Má mheasann an Ballstát lena mbaineann, go heisceachtúil, gurb ann do sháruithe tromchúiseacha ar na prionsabail sin, féadfaidh sé a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí an t-ábhar a chur faoi bhráid na chéad Chomhairle Eorpaí eile. In imthosca eisceachtúla den sórt sin, níor cheart aon chinneadh a dhéanamh a bhaineann leis na bearta go dtí go mbeidh an t-ábhar pléite ag an gComhairle Eorpach. De ghnáth, ní thógfaidh an próiseas sin níos faide ná trí mhí ón tráth a mbeidh an Coimisiún tar éis a thogra a chur faoi bhráid na Comhairle.

(27) Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas maidir le haon bhearta arna moladh, arna glacadh agus arna mbaint de bhun an Rialacháin seo.

(28) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Agus tuairisciú á dhéanamh aige do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh, de bhreis ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh ar éifeachtacht fhoriomlán an nóis imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus ar chomhlántacht na hionstraime seo le cinn eile.

(29) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear d'inniúlacht OIPE ná d'oibleagáidí na mBallstát nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([15]),

([14]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

([15]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo na rialacha atá riachtanach chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) tagraíonn "an smacht reachta" do luach an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Áirítear leis prionsabail na dlíthiúlachta, lena dtugtar le tuiscint gurb ann do phróiseas reachtóireachta trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; cosaint éifeachtach bhreithiúnach, lena n-áirítear rochtain ar an gceartas, ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta, maidir le cearta bunúsacha freisin; prionsabal scaradh na gcumhachtaí; agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais faoin dlí. Tuigfear an smacht reachta ag féachaint do luachanna agus prionsabail eile an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.

(b) ciallaíonn "eintiteas rialtais" aon údarás poiblí ar aon leibhéal rialtais, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí de chuid na mBallstát de réir bhrí phointe 42 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) (an "Rialachán Airgeadais").

Airteagal 3

Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta

Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ina léirithe táscacha ar sháruithe ar phrionsabail an smacht reachta:

(a) neamhspleáchas na breithiúnachta a chur i mbaol;

(b) mainneachtain cinntí treallacha nó neamhdhleathacha ag údaráis phoiblí, lena n-áirítear cinntí údarás forfheidhmithe dlí, a chosc, a cheartú nó a smachtbhannú, acmhainní airgeadais agus daonna a choinneáil siar a dhéanann difear dá bhfeidhmiú cuí nó mainneachtain a áirithiú nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann;

(c) teorainn a chur le hinfhaighteacht agus éifeachtacht leigheasanna dlí, lena n-áirítear trí rialacha nós imeachta sriantacha, agus easpa cur chun feidhme breithiúnas, nó teorainn a chur le himscrúdú, ionchúiseamh nó smachtbhannú éifeachtach ar sháruithe ar an dlí.

Airteagal 4

Coinníollacha maidir le bearta a ghlacadh

1. Déanfar bearta iomchuí i gcás ina suitear i gcomhréir le hAirteagal 6 go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear – ar bhealach chomh díreach sin agus gur leor é le difear a dhéanamh, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear – do phrionsabail bhainistíochta fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

([16]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Chun críocha an Rialacháin seo, bainfidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta le ceann nó níos mó acu seo a leanas:

(a) feidhmiú cuí na n-údarás a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear iasachtaí agus ionstraimí eile arna ráthú ag buiséad an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí nó nósanna imeachta deontais;

(b) feidhmiú cuí na n-údarás a dhéanann rialú airgeadais, faireachán agus iniúchtaí, agus feidhmiú cuí córas éifeachtach trédhearcach bainistithe airgeadais agus cuntasachta;

(c) feidhmiú cuí seirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh phoiblí i ndáil le calaois, lena n-áirítear calaois chánach, éilliú nó sáruithe eile ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

(d) athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha na n-údarás dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus i bpointe (c);

(e) cosc ar chalaois, lena n-áirítear calaois chánach, éilliú nó sáruithe eile ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chosc agus a smachtbhannú, agus forchur pionós éifeachtach athchomhairleach ar fhaighteoirí ag cúirteanna náisiúnta nó ag údaráis riaracháin;

(f) gnóthú cistí a íocadh go mícheart;

(g) an comhar éifeachtach tráthúil le OLAF agus, faoi réir rannpháirtíocht an Bhallstáit lena mbaineann, le OIPE sna himscrúduithe nó ionchúisimh a dhéanann siad de bhun na ngníomartha ábhartha de chuid an Aontais, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis;

(h) staideanna nó iompar eile ag údaráis is ábhartha do bhainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais, nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

Airteagal 5

Bearta chun buiséad an Aontais a chosaint

1. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán seo, agus de réir, féadfar ceann amháin nó níos mó de na bearta iomchuí seo a leanas a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo:

(a) i gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach nó indíreach de bhun phointe (a) agus phointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, agus i gcás inarb eintiteas rialtais an faighteoir:

   (i) íocaíochtaí nó cur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil a chur ar fionraí nó an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de bhun Airteagal 131(3) den Rialachán Airgeadais;

   (ii) toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh;

   (iii) eisíocaíochtaí tráthchodanna, nó aisíoc luath iasachtaí a ráthaítear le buiséad an Aontais a chur ar fionraí ina n-iomláine nó i bpáirt;

   (iv) an buntáiste eacnamaíoch faoi ionstraim arna ráthú le buiséad an Aontais a chur ar fionraí nó a laghdú;

   (v) toirmeasc ar chomhaontuithe nua a dhéanamh maidir le hiasachtaí nó ionstraimí eile a ráthaítear le buiséad an Aontais;

(b) i gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme faoin mbainistíocht roinnte leis na Ballstáit de bhun phointe (b) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais:

   (i) formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir a chur ar fionraí nó leasú a dheanamh ar an bhfionraí sin;

   (ii) gealltanais a chur ar fionraí;

   (iii) gealltanais a laghdú, lena n-áirítear trí cheartuithe airgeadais nó aistrithe chuig cláir chaiteachais eile;

   (iv) réamh-mhaoiniú a laghdú;

   (v) sprioc-amanna íocaíochtaí a bhriseadh;

   (vi) íocaíochtaí a chur ar fionraí.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa chinneadh lena nglactar na bearta, ní dhéanfaidh forchur beart iomchuí difear d'oibleagáidí na n-eintiteas rialtais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 ná d'oibleagáidí Ballstát dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 an clár nó an ciste dá ndéanann an beart difear a chur chun feidhme, agus go háirithe a n-oibleagáidí i leith na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh, lena n-áirítear an oibleagáid atá orthu íocaíochtaí a dhéanamh faoin Rialachán seo agus faoi na rialacha earnáilsonracha nó airgeadais is infheidhme. Agus cistí de chuid an Aontais faoi bhainistíocht roinnte á gcur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann bearta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún ar a mhéid a chomhlíonann siad na hoibleagáidí sin gach trí mhí ó ghlacadh na mbeart sin.

Fíoróidh an Coimisiún ar comhlíonadh an dlí is infheidhme agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé na bearta iomchuí uile chun buiséad an Aontais a chosaint, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha agus airgeadais.

3. Beidh na bearta a dhéanfar comhréireach. Cinnfear iad i bhfianaise thionchair iarbhír nó fhéideartha na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais. Tabharfar aird chuí ar chineál, fad, tromchúis agus raon feidhme na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Díreofar na bearta, a mhéid is féidir, ar na gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a ndearna na sáruithe difear dóibh.

4. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis agus treoir a chur ar fáil chun leas faighteoirí nó tairbhithe deiridh maidir leis na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit dá dtagraítear i mír 2 trí shuíomh gréasáin nó tairseach idirlín. Cuirfidh an Coimisiún uirlisí leormhaithe ar fáil freisin, ar an suíomh gréasáin nó an tairseach idirlín céanna, d'fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon sárú ar na hoibleagáidí sin a dhéanfaidh difear do na faighteoirí nó tairbhithe deiridh sin, dar leo. Cuirfear an mhír seo i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear cosaint na ndaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Ag gabhail leis an bhfaisnéis a sholáthróidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an mír seo beidh cruthúnas go ndearna an faighteoir nó tairbhí deiridh lena mbaineann gearán foirmiúil a thaisceadh le húdarás ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh ar fáil i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit, faoi mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo a íoc go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 63, pointe (b), le hAirteagal 68(1) agus le hAirteagal 98 de Rialachán (AE) .../... an ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí.

Airteagal 6

An nós imeachta

1. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil forais réasúnacha aige lena mheas gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 agus mura mbreithneoidh sé go gceadófaí leis na nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí, seolfaidh sé fógra i scríbhinn chuig an mBallstát lena mbaineann, ina leagfar amach na heilimintí fíorasacha agus na forais shonracha ar ar bhunaigh sé a thorthaí. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill faoi aon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann.

2. I bhfianaise na faisnéise a gheofar de bhun mhír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuig dialóg struchtúrtha maidir lena thorthaí.

3. Agus measúnú á dhéanamh aige cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ó na foinsí a chur san áireamh, lena n-áirítear cinntí, conclúidí agus moltaí ó institiúidí an Aontais agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile agus ó institiúidí aitheanta eile.

([17]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

4. Féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis bhreise a iarraidh atá de dhíth air chun an measúnú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, sara ndéanfaidh sé an fógra i scríbhinn a sheoladh de bhun mhír 1 agus dá éis.

5. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis atá de dhíth agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí a leagtar amach san fhógra dá dtagraítear i mír 1 laistigh de theorainn ama a bheidh le sonrú ag an gCoimisiún, teorainn arb í a bheidh inti mí amháin ar a laghad agus nach faide í ná 3 mhí ón dáta a dtabharfar fógra faoi na torthaí. Sna barúlacha a thabharfaidh sé uaidh, féadfaidh an Ballstát a mholadh go nglacfaí bearta feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach san fhógra ón gCoimisiún.

6. Agus cinneadh á dhéanamh aige cibé acu a thíolacfaidh nó nach dtíolacfaidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a gheobhaidh sé agus aon bharúlacha a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar. Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú laistigh de theorainn ama tháscach aon mhí amháin ón tráth a bhfaighfear aon fhaisnéis nó a bharúlacha ón mBallstát lena mbaineann, nó, nuair nach bhfaightear aon fhaisnéis nó aon bharúlacha, ón tráth a rachaidh an teorainn ama arna socrú i gcomhréir le mír 5 in éag, agus in aon chás laistigh de theorainn réasúnach ama.

7. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún togra a dhéanamh de bhun mhír 9, sara ndéanfaidh sé amhlaidh, tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a thíolacadh, go háirithe ar chomhréireacht na mbeart atá á mbeartú, laistigh de mhí amháin.

8. Agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhréireacht na mbeart a bheidh le forchur, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an bhfaisnéis agus an treoir dá dtagraítear i mír 3.

9. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh agus nach dtabharfaidh na bearta feabhais atá molta ag an mBallstát faoi mhír 5, más ann dóibh, aghaidh go leordhóthanach ar na torthaí atá san fhógra ón gCoimisiún, cuirfidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí faoi bhráid na Comhairle laistigh de mhí amháin tar éis barúlacha an Bhallstáit a fháil nó, i gcás nach gcuirtear aon bharúlacha in iúl, gan aon mhoill mhíchuí, i gcás nach bhfaighfear aon bharúlacha, agus in aon chás laistigh de mhí amháin ón teorainn ama arna leagan síos i mír 7. Leagfar amach sa togra na forais shonracha agus an fhianaise shonrach ar ar bhunaigh an Coimisiún a thorthaí.

10. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo laistigh de mhí amháin tar éis di an togra ón gCoimisiún a fháil. I gcás ina n-eascróidh imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh nach mó ná dhá mhí a chur leis an tréimhse faoi nach mór an cinneadh cur chun feidhme sin a ghlacadh. D'fhonn cinneadh tráthúil a áirithiú, bainfidh an Coimisiún úsáid as na cearta atá aige faoi Airteagal 237 CFAE, i gcás ina measfaidh sé gurb iomchuí sin.

11. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, togra an Choimisiún a leasú agus an téacs leasaithe a ghlacadh tri bhithín chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle.

Airteagal 7

Bearta a bhaint

1. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, bearta nua feabhais a ghlacadh agus fógra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina gcuimseofar fianaise lena thaispeáint nach bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh níos mó.

2. Arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, nó ar a thionscnamh féin agus ar a dhéanaí bliain amháin tar éis don Chomhairle bearta a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar an staid sa Bhallstát lena mbaineann agus aird aige ar an bhfianaise a thíolaic an Ballstát lena mbaineann agus, ina theannta sin, ar leordhóthanacht aon bheart nua feabhais arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh a thuilleadh, cuirfidh sé togra maidir le cinneadh cur chun feidhme lena ndéantar na bearta a glacadh a bhaint faoi bhráid na Comhairle.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an staid ba shiocair le glacadh na mbeart leigheasta i bpáirt, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle togra maidir le cinneadh cur chun feidhme lena ndéantar na bearta a glacadh a oiriúnú.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nár leigheasadh an staid ba shiocair le glacadh na mbeart, cuirfidh sé faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann cinneadh réasúnaithe agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas ina leith.

Nuair a thíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra i scríbhinn de bhun mhír 1, tíolacfaidh an Coimisiún a thogra nó glacfaidh sé a chinneadh laistigh de mhí amháin ón tráth a bhfaighidh sé an fógra sin. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin in imthosca lena bhfuil údar cuí, agus sa chás sin cuirfidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an síneadh in iúl don Bhallstát lena mbaineann gan mhoill.

Beidh feidhm de réir analaí ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 3, 4, 5, 6, 9, 10 agus 11 d'Airteagal 6, de réir mar is iomchuí.

3. I gcás ina mbainfear bearta a bhaineann le formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 5(1)(b) a chur ar fionraí nó le leasuithe ar an bhfionraí sin nó a bhaineann le fionraí gealltanas dá dtagraítear i bpointe (ii) d'Airteagal 5(1)(b), iontrálfar méideanna a fhreagraíonn do na gealltanais a cuireadh ar fionraí i mbuiséad an Aontais faoi réir Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([18]). Ní fhéadfar gealltanais bhliain n a cuireadh ar fionraí a iontráil sa bhuiséad tar éis bhliain n+2.

Airteagal 8

Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon bhearta arna moladh, arna nglacadh, nó arna mbaint de bhun Airteagal 5, 6, agus 7.

Airteagal 9

Tuairisciú

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 12 Eanáir 2024 maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe ar éifeachtúlacht na mbeart arna nglacadh.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
D. M.SASSOLI	M.ROTH

([18]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (féach leathanach 11 den Iris Oifigiúil).

RIALACHÁN (AE, Euratom) 2020/2093 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2020

lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 312 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus an gá atá le leibhéal leordhóthanach intuarthachta chun infheistíochtaí meántéarma a ullmhú agus a chur chun feidhme á chur san áireamh, ba cheart a shocrú gur seacht mbliana dar tús an 1 Eanáir 2021 ré an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI).

(2) Mar gheall ar thionchar eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19, ceanglaítear ar an Aontas creat airgeadais fadtéarmach a sholáthar chun an bealach a réiteach le haghaidh aistriú cóir cuimsitheach chuig todhchaí ghlas dhigiteach, lena dtacófar le huathriail straitéiseach níos fadtéarmaí an Aontais agus lena mbeidh teacht aniar ann in aghaidh suaití amach anseo.

(3) Leis na huasteorainneacha bliantúla do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de réir aicme caiteachais agus na huasteorainneacha bliantúla do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunaítear leis an Rialachán seo, ní mór na huasteorainneacha is infheidhme do ghealltanais agus d'acmhainní dílse a urramú, a shocraítear i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm a glacadh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 311 den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an "Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse").

(4) I gcás inar gá na ráthaíochtaí a tugadh faoi bhuiséad ginearálta an Aontais a shlógadh le haghaidh cúnamh airgeadais atá údaraithe do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 220(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (an "Rialachán Airgeadais"), ba cheart an méid riachtanach a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí CAI, agus uasteorainn na n-acmhainní dílse á hurramú ag an am céanna.

(5) Níor cheart a áireamh in CAI na míreanna buiséid a mhaoinítear trí ioncam sannta de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais.

([1]) Toiliú an 16 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(6) Ba cheart CAI a leagan síos i bpraghsanna 2018. Ba cheart freisin na rialacha a leagan síos chun coigeartuithe teicniúla bliantúla a dhéanamh ar CAI chun go ndéanfar na huasteorainneacha agus na corrlaigh atá ar fáil a athríomh.

(7) Ba cheart rialacha a leagan síos do chásanna eile lena bhféadfaí a éileamh go ndéanfaí CAI a choigeartú. D'fhéadfadh coigeartuithe den sórt sin a bheith nasctha le glacadh moillithe rialacha nó clár nua faoi bhainistíocht roinnte, le bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta, nó le bearta a ghlactar faoin Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Ba cheart rialacha a leagan síos freisin maidir le sásra le haghaidh coigeartú clárshonrach.

(8) Ba cheart solúbthacht shonrach agus an tsolúbthacht is mó is féidir a chur chun feidhme chun go bhféadfaidh an tAontas a oibleagáidí a chomhall i gcomhréir le hAirteagal 323 CFAE.

(9) Tá gá leis na hionstraimí speisialta téamacha seo a leanas chun go bhféadfaidh an tAontas freagairt ar imthosca nó iarmhairtí sonraithe gan choinne agus chun go bhféadfar, ar an gcaoi sin, an nós imeachta buiséadach a reáchtáil ar bhealach rianúil: an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála agus an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit. Níl an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála dírithe ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí géarchéimeanna a bhfuil baint acu leis an margadh a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó dáileadh talmhaíochta.

(10) Tá gá leis na hionstraimí speisialta neamhthéamacha seo a leanas chun an tsolúbthacht a fheabhsú a thuilleadh: an Ionstraim Corrlaigh Aonair agus an Ionstraim Sholúbthachta. Leis an Ionstraim Corrlaigh Aonair, ba cheart a bheith in ann na corrlaigh a bheidh ar fáil faoi na huasteorainneacha do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi seach a aistriú idir na blianta airgeadais agus, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, idir ceannteidil CAI, gan dul thar mhéideanna iomlána uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do thréimhse iomlán CAI. Leis an Ionstraim Sholúbthachta, ba cheart caiteachas sonrach gan choinne do bhliain airgeadais faoi leith a mhaoiniú.

(11) Ba cheart foráil shonrach a dhéanamh don fhéidearthacht leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí a chur sa bhuiséad de bhreis ar na huasteorainneacha a leagtar amach in CAI i gcás inar gá leas a bhaint as ionstraimí speisialta.

(12) Is gá foráil a dhéanamh d'athbhreithniú ar CAI i gcás athbhreithniú ar na Conarthaí ag a mbeidh impleachtaí buiséadacha, d'athaontú na Cipire nó do mhéadú an Aontais, agus i bhfianaise chur chun feidhme an bhuiséid.

(13) Lena chois sin, d'fhéadfadh sé gur ghá an Rialachán seo a athbhreithniú maidir le himthosca gan choinne nach féidir déileáil leo laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in CAI. Ní mór, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh don athbhreithniú ar CAI i gcásanna den sórt sin.

(14) Ní mór rialacha sonracha a bheith ann freisin chun déileáil le tionscadail mhórscála a mbíonn saolré i bhfad níos faide acu ná an tréimhse a leagtar síos do CAI. Ní mór na huasmhéideanna a bhunú do na ranníocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na tionscadail sin agus a áirithiú, ar an gcaoi sin, nach mbeidh aon tionchar acu ar thionscadail eile a mhaoinítear leis an mbuiséad sin.

(15) Is gá rialacha ginearálta a leagan síos maidir le comhar idirinstitiúideach sa nós imeachta buiséadach, agus cumhachtaí buiséadacha Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (na "hInstitiúidí") mar atá siad leagtha síos sna Conarthaí á n-urramú chomh maith le ceanglais trédhearcachta.

(16) Ba cheart go dtíolacfadh an Coimisiún togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil nua roimh an 1 Iúil 2025 chun go gcuirfear ar chumas na n-institiúidí é a ghlacadh in am is i dtráth sula gcuirfear tús leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil ina dhiaidh sin. I gcomhréir le hAirteagal 312(4) CFAE, leanfaidh na huasteorainneacha a chomhfhreagraíonn don bhliain dheireanach de CAI a leagtar amach sa Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu i gcás nach nglacfar creat airgeadais ilbhliantúil nua roimh dheireadh théarma CAI a leagtar síos sa Rialachán seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Creat airgeadais ilbhliantúil

Leis an Rialachán seo, leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (CAI).

Airteagal 2

Uasteorainneacha CAI a chomhlíonadh

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún (na "hInstitiúidí"), le linn gach nós imeachta bhuiséadaigh agus tráth a bheidh an buiséad don bhliain lena mbaineann á chur chun feidhme acu, na huasteorainneacha bliantúla caiteachais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh (na "huasteorainneacha CAI").

Bunaítear an fho-uasteorainn do cheannteideal 3 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I í gan dochar don tsolúbthacht idir dhá cholún an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Déanfar an uasteorainn choigeartaithe a chuirfear i bhfeidhm ar cholún I CBT tar éis na n-aistrithe idir an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus íocaíochtaí díreacha a leagan síos sa ghníomh ábhartha dlíthiúil agus déanfar CAI a choigeartú dá réir sin faoin gcoigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán seo.

2. I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ó na hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagail 8, 9, 10 agus 12, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI.

I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ón Ionstraim Corrlaigh Aonair mar a leagtar síos in Airteagal 11, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI do bhliain ar leith.

3. I gcás inar gá ráthaíocht a shlógadh le haghaidh cúnamh airgeadais atá údaraithe do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 220(1) den Rialachán Airgeadais, déanfar an méid riachtanach a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha CAI.

Airteagal 3

Urraim d'uasteorainn na n-acmhainní dílse

1. I ndáil le gach ceann de na blianta a chumhdaítear le CAI, ní eascróidh ráta glaoite isteach d'acmhainní dílse lena rachfar thar uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar amach sa chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm a glacadh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 311 CFAE (an "Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse") as na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a éilítear, tar éis an choigeartaithe bhliantúil agus tar éis aon choigeartuithe agus athbhreithnithe eile, chomh maith le cur i bhfeidhm Airteagal 2(2) agus (3), a chur san áireamh.

2. I gcás inar gá, déanfar uasteorainneacha CAI a ísliú chun a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

CAIBIDIL 2

COIGEARTUITHE AR CAI

Airteagal 4

Coigeartuithe teicniúla

1. Déanfaidh an Coimisiún na coigeartuithe teicniúla seo a leanas ar CAI gach bliain, ag gníomhú dó sula gcuirfear an nós imeachta buiséadach do bhliain n+1 i bhfeidhm:

(a) athluacháil, ag praghsanna bhliain n+1, ar na huasteorainneacha agus ar na figiúirí foriomlána do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

(b) ríomh an chorrlaigh atá ar fáil faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse;

(c) ríomh mhéid na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá ar fáil faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1), chomh maith leis an uasmhéid iomlán dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2);

(d) ríomh an choigeartaithe ar an uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1), chomh maith leis an uasmhéid dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2);

(e) ríomh na leithdháiltí breise le haghaidh cláir shonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus toradh an choigeartaithe bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún na coigeartuithe teicniúla dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn díbhoilsceora shocraithe 2 % in aghaidh na bliana.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na gcoigeartuithe teicniúla dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis na réamhaisnéisí eacnamaíocha foluiteacha, in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Gan dochar d'Airteagail 6 agus 7, ní dhéanfar aon choigeartuithe teicniúla eile i ndáil leis an mbliain lena mbaineann, le linn na bliana nó mar cheartúcháin *ex post* sna blianta ina dhiaidh sin.

Airteagal 5

Coigeartú clárshonrach

1. Beidh méid is ionann agus an t-ioncam ó fhíneálacha arna bhforchur faoi Rialacháin (EC) Uimh. 1/2003 ([3]) agus (EC) Uimh. 139/2004 ([4]) ag institiúidí an Aontais, a iontrálfar i mbuiséad na bliana n-1 i gcomhréir le hAirteagal 107 den Rialachán Airgeadais, tar éis an méid don bhliain n-1 dá dtagraítear in Airteagal 141(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([5]) a bhaint, ar fáil do leithdháileadh breise den mhéid seo a leanas:

(a) leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do bhliain n+1, ag tosú don bhliain 2022 agus ag críochnú in 2027, do na cláir atá liostaithe in Iarscríbhinn II, i gcomhréir le céatadáin arna leagan amach do na cláir sin sa cholún "Eochair leithdháilte" den tábla in Iarscríbhinn II; agus

(b) leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do bhliain n+1, ag tosú don bhliain 2022 agus ag críochnú in 2027.

Is é EUR 11 000 milliún (i bpraghsanna 2018) a bheidh i méid iomlán na leithdháiltí breise don tréimhse 2022 go 2027 le haghaidh leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí faoi seach. I gcás gach ceann de na blianta 2022 go 2026, EUR 1 500 milliún (i bpraghsanna 2018) ar a laghad a bheidh i méid bliantúil na leithdháiltí breise le haghaidh leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí agus ní rachaidh sé thar EUR 2 000 milliún (i bpraghsanna 2018).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1)

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1)

([5]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

Leagtar amach méid iomlán na leithdháiltí breise le haghaidh leithreasaí faoi chomhair gealltanas do na cláir sa tréimhse 2022 go 2027 sa cholún "Leithdháileadh breise iomlán na leithreasaí faoi chomhair gealltanas faoi Airteagal 5" den tábla in Iarscríbhinn II.

2. Déanfar na huasteorainneacha do leithreasaí faoi chomhair gealltanas faoina ceannteidil ábhartha do bhliain n+ 1, ag tosú don bhliain 2022 agus ag críochnú in 2027, a choigeartú suas leis na méideanna a chomhfhreagraíonn do na leithdháiltí breise atá leagtha amach i mír 1, i gcomhréir leis na céatadáin atá leagtha amach do na ceannteidil sin sa cholún "Eochair leithdháilte" den tábla in Iarscríbhinn II. Déanfar an uasteorainn le haghaidh leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí do bhliain n+ 1, ag tosú don bhliain 2022 agus ag críochnú in 2027, a choigeartú suas go huathoibríoch leis na méideanna a chomhfhreagraíonn do na leithdháiltí breise a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 6

Coigeartuithe a bhaineann le bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta nó le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint

1. I gcás ina gcuirfear deireadh le gealltanais bhuiséadacha a chur ar fionraí a bhaineann le cistí an Aontais, i gcomhréir leis na bunghníomhartha ábhartha, i gcomhthéacs beart atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta nó le bearta a ghlacfar faoin Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, aistreofar na méideanna a chomhfhreagraíonn do na gealltanais a cuireadh ar fionraí chuig na blianta ina dhiaidh sin agus déanfar uasteorainneacha comhfhreagracha CAI a choigeartú dá réir.

2. Cuirfidh an Coimisiún toradh aon choigeartuithe faoi mhír 1 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. Ní fhéadfar gealltanais bhliain n a cuireadh ar fionraí a iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais tar éis bhliain n+2.

Airteagal 7

Coigeartú i ndiaidh rialacha nó cláir nua faoi bhainistíocht roinnte

1. I gcás ina nglacfaí rialacha nó cláir nua faoi bhainistíocht roinnte tar éis an 1 Eanáir 2021 i ndáil leis na Cistí Struchtúracha, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus leis an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí faoin gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, aistreofar na méideanna a fhreagraíonn do na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 chuig gach ceann de na blianta 2022 go 2025 i gcionmhaireachtaí comhionanna, agus déanfar uasteorainneacha comhfhreagracha CAI a choigeartú dá réir sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún toradh aon choigeartuithe faoi mhír 1 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

CAIBIDIL 3

IONSTRAIMÍ SPEISIALTA

ROINN 1

Ionstraimí speisialta téamacha

Airteagal 8

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

1. Ní rachaidh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018).

2. Déanfar na leithreasuithe don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil.

Airteagal 9

Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála

1. Féadfar an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a úsáid chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú:

(a) cúnamh chun freagairt ar chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle ([6]); agus

(b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha ag eascairt as imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a bunaíodh an buiséad, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcásanna ina bhfuil bagairtí ar an tsláinte phoiblí, bagairtí tréidliachta nó fíteashláintíochta ar mhórscála ann, chomh maith le cásanna a mbeidh brú faoi leith ag baint leo ag teorainneacha seachtracha an Aontais a eascróidh as sreafaí imirce, i gcás ina n-éileofar sin leis na himthosca.

2. Ní rachaidh an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála thar uasmhéid bliantúil EUR 1 200 milliún (i bpraghsanna 2018). Féadfar aon chuid den mhéid bliantúil nach n-úsáidfear i mbliain n a úsáid suas go bliain n+1. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús. Rachaidh aon chuid den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+1 in éag.

3. Déanfar na leithreasuithe don Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil.

4. An 1 Deireadh Fómhair gach bliain, beidh ar a laghad an ceathrú cuid den mhéid bliantúil dá dtagraítear i mír 2 fós ar fáil chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn i míonna deiridh na bliana sin a chumhdach.

Gan dochar don chéad fhomhír, féadfar na céatadáin uasta seo a leanas den mhéid foriomlán atá ar fáil go dtí an 1 Meán Fómhair gach bliain a shlógadh:

— 50 % le haghaidh cúnamh faoi phointe (a) de mhír 1; déanfar an méid a bheidh mar thoradh ar an ríomh sin a laghdú de réir aon mhéid a slógadh sa bhliain roimhe sin agus mír 5 á cur i bhfeidhm;

— 35 % le haghaidh cúnamh do thríú tíortha faoi phointe (b) de mhír 1;

— 15 % le haghaidh cúnamh laistigh den Aontas faoi phointe (b) de mhír 1.

Gan dochar don chéad fhomhír, ón 1 Meán Fómhair gach bliain, féadfar an chuid atá fágtha den mhéid atá ar fáil a úsáid le haghaidh aon chúnaimh dá dtagraítear sa dara fomhír chun na riachtanais a thagann chun cinn go dtí deireadh na bliana sin a chumhdach.

5. I gcásanna eisceachtúla agus mura leor na hacmhainní airgeadais a bheidh fágtha sa Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chun an méid a chumhdach a mheastar a bheith riachtanach don chúnamh faoi phointe (a) de mhír 1 sa bhliain a tharlóidh an tubaiste, dá dtagraítear sa phointe sin, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfar an difríocht a mhaoiniú trí na méideanna bliantúla a bheidh ar fáil don Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála an bhliain ina dhiaidh sin, suas le huasmhéid de EUR 400 mhilliún (i bpraghasanna 2018).

Airteagal 10

Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

1. Le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, tabharfar cúnamh dul i ngleic le hiarmhairtí díobhálacha gan choinne sna Ballstáit agus sna hearnálacha is mó atá thíos le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, faoi réir agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san ionstraim ábhartha.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

2. Ní rachaidh an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit thar mhéid EUR 5 000 milliún (i bpraghsanna 2018).

3. Déanfar na leithreasuithe don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil.

ROINN 2

Ionstraimí speisialta neamhthéamacha

Airteagal 11

Ionstraim Corrlaigh Aonair

1. Is éard a bheidh san Ionstraim Corrlaigh Aonair:

(a) amhail ó 2022, méideanna a fhreagraíonn do chorrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de bhliain n-1 a chuirfear ar fáil de bhreis ar na huasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do na blianta ó 2022 go 2027;

(b) amhail ó 2022, méideanna atá coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí a fhorghníomhaítear agus uasteorainn íocaíochta CAI de bhliain n-1 chun an uasteorainn íocaíochta do na blianta ó 2022 go 2027 a choigeartú suas; agus

(c) méideanna breise a fhéadfar a chur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI in aon bhliain ar leith do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nó do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nó don dá rud, de réir mar a bheidh, ar choinníoll go ndéanfar iad a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach i gceann amháin nó níos mó de cheannteidil CAI don bhliain airgeadais reatha nó do na blianta airgeadais amach anseo a mhéid a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus go ndéanfar iad a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach faoin uasteorainn íocaíochta do na blianta airgeadais amach anseo a mhéid a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Ní fhéadfar méideanna a shlógadh faoi phointe (c) den chéad fhomhír ach amháin mura leor na méideanna atá ar fáil de bhun phointí (a) agus (b) den fhomhír sin, de réir mar is infheidhme, agus in aon chás mar rogha dheireanach chun freagairt ar chúinsí gan choinne.

I gcás ina rachfar ar iontaoibh phointe (c) den chéad fhomhír ní bheidh mar thoradh air sin go rachfar thar méideanna iomlána uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain airgeadais reatha agus do na blianta airgeadais amach anseo. Dá bhrí sin aon mhéideanna a dhéanfar a fhritháireamh i gcomhréir leis an bpointe sin, ní shlógfar iad a thuilleadh i gcomhthéacs CAI.

2. I gcás ina rachfar ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair faoi phointí (a) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 ní rachfar, in aon bhliain ar leith, thar na hiomláin seo a leanas:

(a) 0,04 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, arna ríomh sa choigeartú teicniúil bliantúil ar CAI dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) 0,03 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arna ríomh sa choigeartú teicniúil bliantúil ar CAI dá dtagraítear in Airteagal 4.

An méid a rachfar ar iontaoibh na hIonstraime Corrlaigh Aonair in aon bhliain ar leith beidh sé comhsheasmhach leis na huasteorainneacha a leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

3. Ní rachaidh na coigeartuithe bliantúla dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 thar na huasmhéideanna seo a leanas (i bpraghsanna 2018) do na blianta ó 2025 go 2027 i gcomparáid leis an mbun-uasteorainn íocaíochta do na blianta ábhartha:

— 2025 – EUR 8 000 milliún;

— 2026 – EUR 13 000 milliún;

— 2027 – EUR 15 000 milliún.

Beidh na méideanna dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(2) sa bhreis ar na huasmhéideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Déanfar aon choigeartú suas a fhritháireamh trí laghdú comhfhreagrach a dhéanfar ar an uasteorainn íocaíochta do bhliain n-1.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle méideanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE ionas go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú nach bhféadfaí a mhaoiniú laistigh de theorainneacha uasteorainneacha ábhartha CAI atá ar fáil in aon bhliain ar leith.

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an coigeartú suas dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ag tosú in 2022, mar chuid den choigeartú teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 12

An Ionstraim Sholúbthachta

1. Féadfar an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid chun maoiniú a dhéanamh, d'aon bhliain airgeadais ar leith, ar chaiteachas sonrach gan choinne i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí comhfhreagracha nach féidir a mhaoiniú laistigh de theorainneacha na n-uasteorainneacha atá ar fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile. Beidh uasteorainn EUR 915 milliún (i bpraghsanna 2018) ar an tsuim bhliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta.

2. Féadfar an chuid nach mbainfear úsáid as den mhéid bliantúil den Ionstraim Sholúbthachta a úsáid suas go bliain n+2. Déanfar aon chuid den mhéid bliantúil a eascraíonn ó na blianta roimhe sin a úsáid ar dtús, de réir aoise. Rachaidh aon chuid den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as faoi bhliain n+2 in éag.

CAIBIDIL 4

ATHBHREITHNIÚ AR CAI

Airteagal 13

Athbhreithniú ar CAI

1. Gan dochar d'Airteagal 3(2) ná d'Airteagail 14 go 17, i gcás imthosca gan choinne, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar CAI i gcomhréir le huasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

2. Mar riail ghinearálta, déanfar aon togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI i gcomhréir le mír 1 a thíolacadh agus a ghlacadh sula gcuirfear tús leis an nós imeachta buiséadach don bhliain nó don chéad cheann de na blianta lena mbaineann.

3. In aon togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI i gcomhréir le mír 1, scrúdófar an raon feidhme atá ann chun caiteachas a ath-leithdháileadh idir na cláir a chumhdaítear leis an gceannteideal lena mbaineann an t-athbhreithniú, agus tagairt faoi leith á déanamh d'aon tearcúsáid a mheastar a bhainfear as leithreasuithe.

4. Cuirfear san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar ar CAI i gcomhréir le mír 1, an raon feidhme atá ann chun aon ardú a dhéanfar ar an uasteorainn do cheannteideal amháin a fhritháireamh trí ísliú a dhéanamh ar an uasteorainn do cheannteideal eile.

5. Coimeádfar gaol iomchuí idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí in aon athbhreithniú a dhéanfar ar CAI i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 14

Athbhreithniú a bhaineann le cur chun feidhme

Nuair a bheidh fógra maidir le torthaí na gcoigeartuithe teicniúla ar CAI á thabhairt ag an gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tíolacfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, aon togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a mheasfaidh sé a bheith riachtanach, i bhfianaise an chur chun feidhme, lena áirithiú go ndéanfar bainistiú fónta ar na huasteorainneacha íocaíochta bliantúla agus, go háirithe, go ndéanfar forchéimniú ar bhealach ordúil i ndáil leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Airteagal 15

Athbhreithniú i gcás ina ndéanfaí athbhreithniú ar na Conarthaí

I gcás ina ndéanfaí athbhreithniú ar na Conarthaí lena ngabhfaidh impleachtaí buiséadacha, déanfar CAI a athbhreithniú dá réir.

Airteagal 16

Athbhreithniú i gcás ina méadófaí an tAontas

I gcás aontachais amháin nó níos mó leis an Aontas, déanfar CAI a athbhreithniú chun na ceanglais chaiteachais a bheidh mar thoradh air sin a chur san áireamh.

Airteagal 17

Athbhreithniú i gcás athaontú na Cipire

I gcás ina ndéanfar an Chipir a athaontú, déanfar CAI a athbhreithniú chun go gcuirfear san áireamh an réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire agus na riachtanais bhreise airgeadais a bheidh mar thoradh ar an athaontú.

CAIBIDIL 5

RANNÍOCAÍOCHT LE MAOINIÚ TIONSCADAL AR MHÓRSCÁLA

Airteagal 18

Ranníocaíocht le maoiniú tionscadal ar mhórscála

1. Beidh uasmhéid EUR 13 202 milliún (i bpraghsanna 2018) ar fáil ó bhuiséad ginearálta an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027 do thionscadail ar mhórscála faoin Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

2. Beidh uasmhéid EUR 5 000 milliún (i bpraghsanna 2018) ar fáil ó bhuiséad ginearálta an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027 don tionscadal d'Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER).

CAIBIDIL 6

COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH SA NÓS IMEACHTA BUISÉADACH

Airteagal 19

Comhar idirinstitiúideach sa nós imeachta buiséadach

1. Déanfaidh na hInstitiúidí bearta chun an nós imeachta buiséadach bliantúil a éascú.

2. Comhoibreoidh na hInstitiúidí de mheon macánta le linn an nós imeachta d'fhonn a seasaimh a thabhairt le chéile. Comhoibreoidh na hInstitiúidí, ag gach céim den nós imeachta, trí na teagmhálacha idirinstitiúideacha iomchuí chun go ndéanfar faireachán ar dhul chun cinn na hoibre agus go ndéanfar anailís ar mhéid an chóineasaithe.

3. Áiritheoidh na hInstitiúidí go ndéanfar a bhféilirí oibre faoi seach a chomhordú a mhéid is féidir, chun go bhféadfar imeachtaí a sheoladh ar bhealach comhleanúnach agus cóineasaithe, agus go mbeidh glacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais mar thoradh air.

4. Féadfar cruinnithe tríthaobhacha a thionól ag gach céim den nós imeachta agus ag leibhéil éagsúla ionadaíochta, ag brath ar chineál an phlé a mbeifear ag súil leis. Déanfaidh gach institiúid, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin, a rannpháirtithe i ngach cruinniú a ainmniú, a sainordú le haghaidh na gcaibidlíochtaí a leagan amach agus na hinstitiúidí eile a chur ar an eolas in am trátha, maidir leis na socruithe le haghaidh na gcruinnithe.

Airteagal 20

Aontacht an bhuiséid

Áireofar caiteachas agus ioncam uile an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i mbuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear caiteachas a bheidh mar thoradh ar aon chinneadh ábhartha a dhéanfaidh an Chomhairle d'aontoil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, faoi chuimsiú Airteagal 332 CFAE.

CAIBIDIL 7

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 21

Aistriú i dtreo an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile

Roimh an 1 Iúil 2025, tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil nua.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE

IARSCRÍBHINN I

AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (AE-27)

(EUR milliún – i bpraghsanna 2018)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán 2021-2027
1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**19 712**	**19 666**	**19 133**	**18 633**	**18 518**	**18 646**	**18 473**	**132 781**
2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	**49 741**	**51 101**	**52 194**	**53 954**	**55 182**	**56 787**	**58 809**	**377 768**
2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	45 411	45 951	46 493	47 130	47 770	48 414	49 066	330 235
2b. Athléimneacht agus luachanna	4 330	5 150	5 701	6 824	7 412	8 373	9 743	47 533
3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	**55 242**	**52 214**	**51 489**	**50 617**	**49 719**	**48 932**	**48 161**	**356 374**
ar a bhfuil: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	38 564	38 115	37 604	36 983	36 373	35 772	35 183	258 594
4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**2 324**	**2 811**	**3 164**	**3 282**	**3 672**	**3 682**	**3 736**	**22 671**
5. Slándáil agus Cosaint	**1 700**	**1 725**	**1 737**	**1 754**	**1 928**	**2 078**	**2 263**	**13 185**
6. An Chomharsanacht agus an Domhan	**15 309**	**15 522**	**14 789**	**14 056**	**13 323**	**12 592**	**12 828**	**98 419**
7. An Riarachán Poiblí Eorpach	**10 021**	**10 215**	**10 342**	**10 454**	**10 554**	**10 673**	**10 843**	**73 102**
ar a bhfuil: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	7 742	7 878	7 945	7 997	8 025	8 077	8 188	55 852
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**154 049**	**153 254**	**152 848**	**152 750**	**152 896**	**153 390**	**155 113**	**1 074 300**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ	**156 557**	**154 822**	**149 936**	**149 936**	**149 936**	**149 936**	**149 936**	**1 061 058**

IARSCRÍBHINN II

COIGEARTÚ CLÁRSHONRACH – LIOSTA NA gCLÁR, EOCHAIR LEITHDHÁILTE AGUS LEITHDHÁILEADH BREISE IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS

(*i EUR milliún, praghsanna 2018*)

	Eochair leithdháilte	Leithdháileadh breise iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi Airteagal 5
1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	**36,36 %**	**4 000**
Fís Eorpach	27,27 %	3 000
Ciste InvestEU	9,09 %	1 000
2b. Athléimneacht agus Luachanna	**54,55 %**	**6 000**
EU4Health	26,37 %	2 900
Erasmus+	15,46 %	1 700
Eoraip na Cruthaitheachta	5,45 %	600
Cearta agus Luachanna	7,27 %	800
4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	**9,09 %**	**1 000**
An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha	9,09 %	1 000
IOMLÁN	**100,00 %**	**11 000**

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/2094 ÓN GCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2020

lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac na Ballstáit sraith bearta nach bhfacthas riamh roimhe chun srian a chur le leathadh COVID-19 faoinar fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an 11 Márta 2020 gur paindéim é.

(2) Mar gheall ar na bearta seo, nach bhfacthas riamh roimhe, a rinneadh mar fhreagairt ar an gcás eisceachtúil arb é COVID-19 is cúis leis, rud atá thar smacht Ballstát, tá suaitheadh mór á bhaint as gníomhaíocht eacnamaíoch agus, dá dheasca sin, tá meath mór tagtha ar an olltáirgeacht intíre agus tá tionchar suntasach ag na bearta sin ar an bhfostaíocht, ar dhálaí sóisialta, ar an mbochtaineacht agus ar an neamhionannas. Go sonrach, chuir na bearta sin as go mór do na slabhraí soláthair agus táirgeachta agus ba iad ba chúis le neamhláithreachtaí fostaithe ón ionad oibre. Ina theannta sin, ba dheacair a lán seirbhísí a sholáthar nó níorbh fhéidir é a dhéanamh. San am céanna, tháinig laghdú ar an éileamh ó thomhaltóirí. Tá a lán gnólachtaí thíos le ganntanas leachtachta, agus tá a gcuid sócmhainneachta i mbaol agus, san am ceanna, tá na margaí airgeadais an-luaineach. Tá príomhearnálacha mar an taisteal agus an turasóireacht buailte go dona ar fad. Mar gheall ar na bearta sin i gcoitinne, tháinig meath ollmhór ar staid airgeadais roinnt mhaith gnólachtaí san Aontas cheana féin nó tiocfaidh meath ollmhór orthu go fóill.

(3) Tá an ghéarchéim arb é COVID-19 is cúis léi tar éis leathadh go tapa san Aontas agus i dtríú tíortha. Meastar go mbeidh fás eacnamaíoch san Aontas á chrapadh go mór in 2020. Tá na rioscaí a bhaineann leis an téarnamh an-mhíchothrom i mBallstáit éagsúla, rud a chuirfidh go mór leis an éagsúlacht idir na geilleagair náisiúnta. Mar gheall ar chumas fioscach difriúil na mBallstát chun tacaíocht airgeadais a thabhairt san áit is mó a dteastaíonn sí i leith an téarnaimh agus mar gheall ar éagsúlacht idir bearta na mBallstát, tá an margadh aonair chomh maith leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach á gcur i mbaol.

(4) Is gá sraith chuimsitheach beart don téarnamh eacnamaíoch. Teastaíonn méideanna substaintiúla infheistíochta poiblí agus príobháidí i leith na sraithe beart sin chun go rachaidh téarnamh inbhuanaithe athléimneach chun sochair don Aontas Eorpach, poist ardcháilíochta a chruthú, tacú le cuimsiú sóisialta agus an dochar is déanaí a rinneadh de dheasca ghéarchéim COVID-19 a leigheas agus, san am céanna, tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais.

(5) Is gá cur chuige comhleanúnach aontaithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar an gcás eisceachtúil arb é COVID-19 is cúis leis atá thar smacht na mBallstát. D'fhonn cosc a chur lena thuilleadh meatha ar an ngeilleagar, ar an bhfostaíocht agus ar an gcomhtháthú sóisialta agus chun borradh a chur faoi théarnamh inbhuanaithe athléimneach gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ba cheart clár eisceachtúil comhordaithe um thacaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a chur i bhfeidhm, de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, go háirithe do na Ballstáit sin a buaileadh go han-dona ar fad.

(6) Ós rud é gur freagairt eisceachtúil ar imthosca sealadacha diana sin é an Rialachán seo, níor cheart an tacaíocht dá bhforáiltear faoi a chur ar fáil ach amháin chun críocha aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí díobhálacha ghéarchéim COVID-19 nó ar na riachtanais láithreacha chistiúcháin ionas nach dtiocfaidh géarchéim COVID-19 chun cinn an athuair.

(7) Leis an tacaíocht faoin ionstraim arna bunú leis an Rialachán seo (an "Ionstraim") ba cheart an fócas a dhíriú go háirithe ar bhearta chun margaí saothair agus cosaint shóisialta, mar aon le córais cúraim sláinte, a athbhunú, chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis agus fostaíochta inbhuanaithe d'fhonn an comhtháthú idir na Ballstáit a neartú agus tacú leo aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach, tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca thionchar ghéarchéim COVID-19, go háirithe tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide chomh maith le tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun an fás inbhuanaithe a neartú san Aontas lena n-áirítear infheistíocht dhíreach airgeadais i bhfiontair, bearta le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, bearta le haghaidh fothú acmhainneachta ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar an ullmhacht do ghéarchéimeanna amach anseo, chun iarrachtaí aistriú cothrom chuig geilleagar aeráidneodrach a áirithiú agus na hiarrachtaí sin a choimeád, agus tacú leis an talmhaíocht agus leis an bhforbairt i gceantair thuaithe le haghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19.

(8) Tá úsáid le baint as na sásraí caiteachais arna mbunú trí chláir an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil chun a áirithiú go mbeidh téarnamh inbhuanaithe athléimneach ar fud an Aontais agus chun a éascú go gcuirfear an tacaíocht eacnamaíoch chun feidhme. Tá tacaíocht faoi na cláir sin le cur ar fáil i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha, iasachtaí, agus soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha. Ba cheart leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais a léiriú a mhéid atá na cláir sin in ann rannchuidiú le cuspóirí na hIonstraime. Ba cheart do ranníocaíochtaí leis na cláir sin faoin Ionstraim a bheith faoi réir dhianchomhlíonadh chuspóirí na hIonstraime, a bhaineann le tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19.

(9) I bhfianaise chineál na mbeart atá le maoiniú, ba cheart cuid amháin de na méideanna atá ar fáil faoin Ionstraim seo a úsáid le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit, agus ba cheart an chuid eile de na méideanna a bheith ina hioncam sannta seachtrach chun críche Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an "Rialachán Airgeadais") agus ba cheart í a úsáid le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha, tacaíocht trí ionstraimí airgeadais nó soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus caiteachas gaolmhar ag an Aontas. Chuige sin, mar chuid de na bearta riachtanacha faoin Rialachán seo, is iomchuí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a chumasú, le go gcumhdófar sannadh faoin Rialachán seo, mar bhunghníomh, cuid den ioncam dá bhforáiltear faoin gcumhachtú eisceachtúil sealadach dá bhforáiltear faoin gCinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle ([2]) (an "Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse").

(10) Cé go bhfuil feidhm ag pointe (c) d'Airteagal 12(4) agus ag Airteagal 14(3) den Rialachán Airgeadais maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochta a chuirtear ar fáil i ndáil leis an ioncam sannta seachtrach faoin Rialachán seo, i bhfianaise na dteorainneacha ama a leagtar síos do na cineálacha éagsúla tacaíochta, níor cheart leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a eascraíonn as an ioncam sannta seachtrach sin a thabhairt anonn go huathoibríoch thar na dátaí deiridh faoi seach, cé is moite de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas is gá le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun na bearta a leagtar amach san Ionstraim a chur chun feidhme.

(11) Ba cheart leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí an méid údaraithe. Ba cheart leachtacht a bhainistiú go héifeachtach, ionas nach dtiomsaítear cistí ach amháin nuair is gá gealltanais dhlíthiúla a chomhlíonadh trí leithreasuithe íocaíochta comhfhreagracha.

(12) Ós rud é go bhfuil sé tábhachtach úsáid a bhaint as na méideanna le linn na chéad bhlianta de chur chun feidhme na hIonstraime, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na hIonstraime agus maidir le húsáid na tacaíochta a leithdháilfear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú faoin 31 Deireadh Fómhair 2022.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

(13) Foráiltear le Airteagal 135(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) (an "Comhaontú um Tharraingt Siar") nach bhfuil leasuithe ar Cinneadh 2014/335/AE, Euratom a ghlacfar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar nó dá éis le feidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe a mhéid a bheidh tionchar ag na leasuithe sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. An tacaíocht faoin Rialachán seo agus an méadú comhfhreagrach ar uasteorainn acmhainní dílse an Aontais, bheadh tionchar acu sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Teorannaítear le hAirteagal 143(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar dliteanas na Ríochta Aontaithe as a sciar de dhliteanais theagmhasacha airgeadais an Aontais chuig na dliteanais theagmhasacha airgeadais de chuid an Aontais a eascraíonn ó oibríochtaí airgeadais a rinne an tAontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Aon dliteanas teagmhasach airgeadais de chuid an Aontais a thagann as tacaíocht faoin Rialachán seo, ní bheadh feidhm aige go dtí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. D'fhonn tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, bunaítear leis an Rialachán seo Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (an "Ionstraim").

2. Le tacaíocht faoin Ionstraim, maoineofar, go sonrach, na bearta seo a leanas chun dul i ngleic le hiarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 nó leis na riachtanais láithreacha chistiúcháin ionas nach dtiocfaidh an ghéarchéim sin chun cinn an athuair:

(a) bearta chun fostaíocht agus cruthú post a athbhunú;

(b) bearta i bhfoirm athchóirithe agus infheistíochtaí chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis agus fostaíochta inbhuanaithe d'fhonn an comhtháthú idir na Ballstáit a neartú agus a n-athléimneacht a mhéadú;

(c) bearta le haghaidh gnólachtaí a ndearna tionchar eacnamaíoch na géarchéime COVID-19 díobháil dóibh, go háirithe bearta a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun an fás inbhuanaithe a neartú san Aontas, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach airgeadais i bhfiontair;

(d) bearta le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19;

(e) bearta chun leibhéal ullmhachta an Aontais do ghéarchéimeanna a mhéadú agus a áirithiú gur féidir leis an Aontas freagairt a thabhairt go tapa agus go héifeachtach i gcás éigeandálaí móra, lena n-áireofar soláthairtí agus trealamh leighis fíor-riachtanacha a stoc-charnadh agus na bonneagair riachtanacha a fháil i gcomhair mearfhreagartha i gcás géarchéime;

(f) bearta chun a áirithiú nach mbainfidh géarchéim COVID-19 an bonn d'aistriú cothrom chuig geilleagar aeráidneodrach;

(g) bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an talmhaíocht agus ar an bhforbairt tuaithe.

3. Cuirfear na bearta dá dtagraítear i mír 2 i gcrích faoi chláir shonracha de chuid an Aontais agus i gcomhréir le gníomhartha ábhartha an Aontais lena leagtar síos rialacha maidir leis na cláir sin agus cuspóirí na hIonstraime á lánurramú. Áireofar ar na bearta sin cúnamh teicniúil agus riaracháin chun iad a chur chun feidhme.

Airteagal 2

An Ionstraim a mhaoiniú agus cistí a leithdháileadh

1. Maoineofar an Ionstraim de mhéid suas le EUR 750 000 milliún i bpraghsanna 2018 ar bhonn an chumhachtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

Chun críocha cur chun feidhme faoi chláir shonracha an Aontais, déanfar an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a choigeartú ar bhonn díbhoilsceoir seasta 2 % in aghaidh na bliana. Do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, beidh feidhm ag an díbhoilsceoir sin maidir leis na tráthchodanna bliantúla.

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

2. Déanfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh mar a leanas:

(a) leithdháilfear tacaíocht suas le EUR 384 400 milliún i bpraghsanna 2018 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus tacaíochta in-aisíoctha trí ionstraimí airgeadais, mar a leanas:

(i) suas le EUR 47 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir struchtúracha agus chomhtháthaithe den chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 faoi mar atá sé á neartú go dtí 2022, lena n-áirítear tacaíocht trí ionstraimí airgeadais;

(ii) suas le EUR 312 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh clár chun téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta a mhaoiniú trí thacaíocht d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí;

(iii) suas le EUR 1 900 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an gcosaint shibhialta;

(iv) suas le EUR 5 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht, lena n-áirítear tacaíocht trí ionstraimí airgeadais;

(v) suas le EUR 10 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a thacaíonn leis na críocha agus iad ag aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach;

(vi) suas le EUR 7 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh na forbartha i gceantair thuaithe;

(b) iasachtaí suas le EUR 360 000 milliún i bpraghsanna 2018 do na Ballstáit le haghaidh clár chun téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a mhaoiniú trí thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí;

(c) suas le EUR 5 600 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus do chaiteachas gaolmhar le haghaidh na gclár atá dírithe ar thacú le hoibríochtaí infheistíochta i réimse bheartais inmheánacha an Aontais;

Airteagal 3

Rialacha maidir le cur chun feidhme an bhuiséid

1. Chun críche Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, is éard a bheidh in EUR 384 400 milliún i bpraghsanna 2018, den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo, ioncam sannta seachtrach le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo agus is éard a bheidh in EUR 5 600 milliún i bpraghsanna 2018 den mhéid sin ioncam sannta seachtrach le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo.

2. Úsáidfear EUR 360 000 milliún i bpraghsanna 2018, den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 2(1), le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit faoi chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2).

3. Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas lena gcumhdaítear tacaíocht le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 2(2) a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí na méideanna faoi seach dá dtagraítear sna pointí sin amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse lena bhforáiltear don chumhachtú dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo.

4. Is é an Coimisiún nó a ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin a rachaidh i mbun na ngealltanas dlíthiúil as a n-eascraíonn caiteachas don tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2), agus, i gcás inarb iomchuí, i bpointe (c) d'Airteagal 2(2) faoin 31 Nollaig 2023. Rachfar i mbun gealltanas dlíthiúil arb ionann iad agus 60 % ar a laghad den mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2) faoin 31 Nollaig 2022.

5. Glacfar cinntí maidir leis na hiasachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2) a dheonú faoin 31 Nollaig 2023.

6. Maidir le ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais suas le méid a chomhfhreagraíonn, i gcomhréir leis an ráta soláthair ábhartha a leagtar amach sna bunghníomhartha faoi seach, don soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), soláthar atá ag brath ar phróifílí riosca na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a fhaigheann tacaíocht, ní dheonófar iad ach amháin chun tacú le hoibríochtaí a bheidh formheasta ag na contrapháirtithe faoin 31 Nollaig 2023. Déanfar forálacha sna comhaontuithe maidir le ráthaíochtaí buiséadacha lena gceanglófar go bhformheasfaidh na contrapháirtithe oibríochtaí airgeadais a chomhfhreagraíonn do 60 % ar a laghad de mhéid na ráthaíochtaí buiséadacha sin faoin 31 Nollaig 2022. I gcás ina n-úsáidfear soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha do thacaíocht neamh-inaisíoctha a bhaineann leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), rachaidh an Coimisiún i mbun na ngealltanas dlíthiúil gaolmhar faoin 31 Nollaig 2023.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 4 go 6 den Airteagal seo maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

8. Déanfar costais ó chúnamh teicniúil agus riaracháin le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha chun críocha an Rialacháin seo, a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais.

9. Déanfar íocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais dhlíthiúla a dhéanfar, leis na cinntí a ghlacfar agus leis na forálacha maidir le hoibríochtaí airgeadais a fhormheasfar i gcomhréir le míreanna 4 go 6 den Airteagal seo faoin 31 Nollaig 2026, cé is moite den chúnamh teicniúil agus riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus de chásanna, go heisceachtúil, inarb amhlaidh, cé gur tugadh an gealltanas dlíthiúil ina leith, gur glacadh an cinneadh nó gur formheasadh an oibríocht, ar théarmaí a chomhlíonann an sprioc-am is infheidhme faoin mhír seo, ina bhfuil íocaíochtaí tar éis 2026 riachtanach ionas go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí i leith tríú páirtithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear mar thoradh ar bhreithiúnas críochnaitheach i gcoinne an Aontais.

Airteagal 4

Tuairisciú

Faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na hIonstraime agus maidir le húsáid na gcistí a leithdháilfear i gcomhréir le Airteagal 2(2).

Airteagal 5

Infheidhmeacht

1. Ní bheidh an Rialachán seo infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe.

2. Tagairtí do "na Ballstáit" sa Rialachán seo, ní thuigfear go bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh iontu.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

COMHAONTÚ IDIRINSTITIÚIDEACH IDIR PARLAIMINT NA HEORPA, COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS AN COIMISIÚN EORPACH MAIDIR LEIS AN SMACHT BUISÉADACH, LE COMHAR IN ÁBHAIR BHUISÉADACHA AGUS LE BAINISTÍOCHT FHÓNTA AIRGEADAIS, AGUS MAIDIR LE HACMHAINNÍ DÍLSE NUA, LENA N-ÁIRÍTEAR TREOCHLÁR I DTREO ACMHAINNÍ DÍLSE NUA A THABHAIRT ISTEACH

COMHAONTÚ IDIRINSTITIÚIDEACH

an 16 Nollaig 2020

idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA, COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS AN COIMISIÚN EORPACH,

dá ngairtear "na hInstitiúidí" anseo feasta,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 295 de,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

1. Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo an smacht buiséadach a chur chun feidhme, feabhas a chur ar fheidhmiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus ar an gcomhar idir na hInstitiúidí in ábhair bhuiséadacha chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, agus comhar a chur chun feidhme agus treochlár a bhunú i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach thar thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ("CAI 2021-2027"), ar leor iad chun aisíocaíocht Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2020/2094 ([1]) ón gComhairle ("Rialachán EURI") a chumhdach.

2. Cumhdaítear leis an smacht buiséadach dá dtagraítear sa Chomhaontú seo gach caiteachas. Beidh an Comhaontú seo ina cheangal ar na hInstitiúidí fad a bheidh sé i bhfeidhm. Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

3. Leis an gComhaontú seo ní athraítear cumhachtaí buiséadacha agus reachtacha na nInstitiúidí faoi seach mar a leagtar síos sna Conarthaí, i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([2]) ("Rialachán CAI"), i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ("an Rialachán Airgeadais") agus i gCinneadh (AE, Euratom) 2020/2035 ([4]) ón gComhairle ("an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse"), agus tá sé gan dochar do chumhachtaí na bparlaimintí náisiúnta i ndáil le hacmhainní dílse.

([1]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an de chuid Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (Féach leathanach 23 den Iris Oifigúil seo).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) ón gComhairle 2020/2020/2093 an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat ilbhliantúil airgeadais do na blianta 2021 go dtí 2027 (féach leathanach 11 den Iris Oifigúil seo).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE Euratom) 2020/2053 an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

4. Is de chomhthoil na nInstitiúidí a dhéanfar aon leasú ar an gComhaontú seo.

5. Roinntear an Comhaontú seo ina cheithre chuid:

— I gCuid I tá forálacha a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus leis na hionstraimí speisialta téamacha agus neamhthéamacha;

— Baineann Cuid II le comhar idirinstitiúideach in ábhair bhuiséadacha;

— I gCuid III tá forálacha a bhaineann le bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí an Aontais;

— I gCuid IV tá forálacha maidir le cáilíocht agus inchomparáideacht sonraí faoi thairbhithe i gcomhthéacs chosaint bhuiséad an Aontais.

6. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an 16 Nollaig 2020 agus gabhann sé ionad Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([5]).

CUID I

CAI AGUS IONSTRAIMÍ SPEISIALTA

A. FORÁLACHA A BHAINEANN LE CAI

7. Áiritheoidh na hInstitiúidí, chun críocha bainistíochta fónta airgeadais, a mhéid is féidir le linn an nós imeachta bhuiséadaigh agus tráth a nglacfar buiséad ginearálta an Aontais, go mbeidh corrlaigh leordhóthanacha fós ar fáil faoi na huasteorainneacha do cheannteidil éagsúla CAI, cé is moite den fho-cheannteideal "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach".

Réamhaisnéisí le haghaidh leithreasuithe íocaíochta a nuashonrú

8. Gach bliain, tabharfaidh an Coimisiún na réamhaisnéisí le haghaidh leithreasuithe íocaíochta tar éis 2027 cothrom le dáta. Cuirfear san áireamh sa nuashonrú sin an fhaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear cur chun feidhme iarbhír leithreasaí buiséadacha faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasaí buiséadacha faoi chomhair íocaíochta, chomh maith leis na réamhaisnéisí cur chun feidhme. Breithneoidh sé freisin na rialacha atá ceaptha chun a áirithiú go dtiocfaidh forbairt ar leithreasaí faoi chomhair íocaíochta ar bhealach ordúil i gcomparáid leis na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus leis na réamhaisnéisí fáis ar ollioncam náisiúnta an Aontais (ONA).

B. FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS NA HIONSTRAIMÍ SPEISIALTA TÉAMACHA AGUS NEAMHTHÉAMACHA

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

9. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach sa bhunghníomh ábhartha maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun é a shlógadh, agus déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh go comhpháirteach.

A chomhuain is a dhéanfaidh sé an togra uaidh a thíolacadh le haghaidh cinnidh chun an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le haistriú chuig na línte buiséid ábhartha.

Déanfar aistrithe a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála

10. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha maidir leis an gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a shlógadh á gcomhlíonadh, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le haistriú ón gCúlchiste sin chuig na línte buiséid comhfhreagracha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Ar thogra ón gCoimisiúin i gcomhréir leis an mbunghníomh ábhartha, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach an cinneadh maidir le méideanna a shlógadh faoi phointe (a) d'Airteagal 8(1) de Rialachán CAI.

([5]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

Sula ndéanfar aon togra maidir le haistriú ón gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála le haghaidh cúnaimh faoi phointe (b) d'Airteagal 9(1) de Rialachán CAI, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an raon feidhme maidir le leithreasuithe a ath-leithdháileadh.

Cúlchiste Coigeartaithe le haghaidh Brexit

11. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis an gCúlchiste Coigeartaithe Brexit a shlógadh a leagtar amach san ionstraim ábhartha, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le haistriú chuig na línte buiséid ábhartha.

Déanfar aistrithe a bhaineann leis an gCúlchiste Coigeartaithe le haghaidh Brexit i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

An Ionstraim Corrlaigh Aonair

12. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh go slógfaí méideanna a chomhfhreagraíonn do na corrlaigh ar fad nó do chuid de na corrlaigh dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1) de Rialachán CAI, i ndáil le dréachtbhuiséad nó dréachtbhuiséad leasaitheach. Is é an Coimisiún a mholfaidh aon mhéideanna dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1) den Rialachán sin a shlógadh tar éis dó anailís chríochnúil a dhéanamh ar na féidearthachtaí airgeadais eile ar fad.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na méideanna sin a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh a leagtar amach in Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

An Ionstraim Sholúbthachta

13. Tíolacfaidh an Coimisiún togra maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoin gceannteideal a dteastaíonn caiteachas breise ina leith.

Sa togra sin sainaithneofar na riachtanais a bheidh le cumhdach agus an méid. Féadfar togra den sórt sin a dhéanamh i ndáil le dréachtbhuiséad nó le dréachtbhuiséad leasaitheach.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh a leagtar amach in Airteagal 314 CFAE.

CUID II

COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH IN ÁBHAIR BHUISÉADACHA A FHEABHSÚ

A. AN NÓS IMEACHTA UM CHOMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH

14. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na mionsonraí maidir leis an gcomhar idirinstitiúideach le linn an nós imeachta bhuiséadaigh.

15. I gcomhréir le hAirteagal 312(5) CFAE, déanfaidh na hInstitiúidí aon bheart is gá chun glacadh CAI nua nó aon leasú air a éascú, i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta dá dtagraítear in Airteagal 312(2) CFAE. Ar na bearta sin, áireofar cruinnithe tráthrialta agus malartú faisnéise idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar thionscnamh an Choimisiúin, cruinnithe idir Uachtaráin na n-Institiúidí mar a leagtar amach in Airteagal 324 CFAE chun comhairliúchán agus comhréiteach sheasaimh na nInstitiúidí a chur chun cinn. I gcás ina dtíolacfar togra le haghaidh CAI nua nó leasú suntasach air, féachfaidh na hInstitiúidí le socruithe sonracha a chinneadh don chomhar agus don idirphlé eatarthu i gcaitheamh an nós imeachta as a leanfaidh a ghlacadh.

Trédhearcacht bhuiséadach

16. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil le gabháil le buiséad ginearálta an Aontais, ina dtabharfar le chéile faisnéis atá ar fáil agus nach bhfuil faoi rún a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) sócmhainní agus dliteanais an Aontais, lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt arna gcur i gcrích ag an Aontas i gcomhréir lena chumhachtaí faoi na Conarthaí;

(b) ioncam, caiteachas, sócmhainní agus dliteanais an Chiste Eorpaigh Forbraíochta ([6]), na Saoráide Eorpaí um Chobhsaíocht Airgeadais, an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, agus sásraí eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

(c) an caiteachas a thabhóidh na Ballstáit faoi chuimsiú an chomhair fheabhsaithe, a mhéid nach n-áirítear é i mbuiséad ginearálta an Aontais;

(d) caiteachas aeráide, ar bhonn modheolaíocht éifeachtach arna leagan amach ag an gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le reachtaíocht earnálach, chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas aeráide agus ar a fheidhmíocht d'fhonn sprioc fhoriomlán a bhaint amach de 30 % ar a laghad de mhéid foriomlán bhuiséad an Aontais agus de chaiteachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh lena dtacaítear le cuspóirí aeráide, agus éifeachtaí céimniú amach an cistiú faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh á gcur san áireamh agus idirdhealú á dhéanamh idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, i gcás inarb indéanta.

I gcás nach mbeidh dul chun cinn leordhóthanach i dtreo na sprice maidir le caiteachas aeráide i gceann amháin nó níos mó de na cláir ábhartha, rachaidh na hInstitúidí, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí agus leis an reachtaíocht ábhartha, i gcomhairle lena chéile maidir le bearta iomchuí a bheidh le déanamh chun a áirithiú go mbeidh caiteachas an Aontais ar chuspóirí aeráide thar CAI 2021-2027 ina iomlán cothrom le 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais agus chaiteachais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh;

(e) caiteachas chun meathlú na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, ar bhonn modheolaíocht éifeachtach, thrédhearcach agus chuimsitheach arna leagan amach ag an gCoimisiún, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an reachtaíocht earnálach, d'fhonn oibriú i dtreo na huaillmhéine 7,5 % in 2024 agus 10 % in 2026 agus in 2027 den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta, agus forluí atá ann cheana féin idir chuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta á gcur san áireamh;

(f) an comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn chomh maith le cearta agus comhdheiseanna do chách ar feadh chur chun feidhme na gclár ábhartha agus an fhaireacháin orthu, agus p na cuspóirí sin a phríomhshruthú chomh maith le príomhshruthú inscne, lena n-áirítear tríd an measúnú ar thionchair inscne a neartú i measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí faoin gcreat maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Breathnóidh an Coimisiún ar an gcaoi le modheolaíocht a fhorbairt chun an caiteachas ábhartha ar leibhéal an chláir in CAI 2021-2027 a thomhas. Úsáidfidh an Coimisiúin an mhodheolaíocht sin a luaithe a bheidh sí ar fáil. Tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2023, cuirfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht sin chun feidhme maidir le cláir áirithe atá faoi bhainistíocht lárnach chun a hindéantacht a thástáil. I lár an téarma, fiosrófar an féidir an mhodheolaíocht a leathnú chun cláir eile a chumhdach ar feadh a bhfuil fágtha de CAI 2021-2027.

(g) cur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i gcláir ábhartha uile an Aontais de CAI 2021-2027.

Áireofar sna modheolaíochtaí éifeachtacha dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e) den chéad mhír, a mhéid is féidir, tagairt do ranníocaíocht bhuiséad an Aontais leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ina n-áirítear prionsabal na neamhdhíobhála.

Beidh an mhodheolaíocht éifeachtach dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad mhír trédhearcach, cuimsitheach, dírithe ar thorthaí agus feidhmíochtbhunaithe, áireofar inti comhairliúchán bliantúil idir an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agus sainaithneofar léi na bearta ábhartha a bheidh le déanamh i gcás nach ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach i dtreo na spriocanna is infheidhme a bhaint amach.

Níor cheart ualach riaracháin iomarcach ar shealbhóirí tionscadail ná ar thairbhithe a bheith mar thoradh ar cheann ar bith de na modheolaíochtaí dá dtagraítear sa phointe seo.

17. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Tabharfar le chéile sa tuarascáil bhliantúil sin faisnéis neamhrúnda atá ar fáil agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

— sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí a dhéantar faoi Airteagal 5 den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse;

([6]) Mar a leagtar amach sa Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát den Aontas Eorpach, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú an chúnaimh ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, de réir Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cionroinnt an chúnaimh airgeadais do Thíortha agus do Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 210, 6.8.2013, lch. 1) agus na Comhaontuithe Inmheánacha roimhe sin.

— méid comhiomlán na bhfáltas arna sannadh do chláir an Aontais le linn chur chun feidhme Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh sa bhliain roimhe sin, arna miondealú de réir cláir agus líne bhuiséid;

— rannchuidiú na gcistí a fuarthas ar iasacht chun cuspóirí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus chláir shonracha an Aontais a bhaint amach.

B. FORÁLACHA AIRGEADAIS A IONCHORPRÚ I nGNÍOMHARTHA REACHTACHA

18. Beidh i ngach gníomh reachtach, maidir le clár ilbhliantúil, arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, foráil ina leagann an reachtóir síos an t-imchlúdach airgeadais don chlár.

Is é a bheidh sa mhéid sin an méid príomhthagartha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

Maidir le cláir dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CAI, méadófar go huathoibríoch an méid príomhthagartha faoi na leithdháiltí breise dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán CAI.

Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus an Coimisiún, nuair a tharraingeoidh sé suas an dréachtbhuiséad, orthu féin gan imeacht níos mó ná 15 % ón méid sin ar feadh ré iomlán an chláir lena mbaineann, mura rud é go dtagann imthosca nua, oibiachtúla, fadtéarmacha chun cinn a dtugtar cúiseanna sainráite agus beachta ina leith, agus na torthaí a fuarthas ón gclár a chur chun feidhme á gcur san áireamh, go háirithe ar bhonn measúnuithe. Beidh aon mhéadú a eascróidh ón athrú sin fós faoi bhun na huasteorann atá ann cheana don cheannteideal lena mbaineann, gan dochar d'úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear i Rialachán CAI agus sa Chomhaontú seo.

Ní bheidh feidhm ag an gceathrú mír maidir leis na leithdháiltí breise dá dtagraítear sa tríú mír.

Níl feidhm ag an bpointe seo maidir le leithreasuithe don chomhtháthú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus arna réamh-leithdháileadh de réir Ballstát ina bhfuil imchlúdach airgeadais do ré iomlán an chláir ná leis na tionscadail mhórscála dá dtagraítear in Airteagal **18** de Rialachán CAI.

19. Ní bheidh "méid a mheastar is gá" i ngníomhartha an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaineann le cláir ilbhliantúla nach nglacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtaigh.

Más mian leis an gComhairle méid tagartha airgeadais a áireamh, glacfar leis gur léiriú é an méid sin ar thoil an reachtóra agus ní dhéanfaidh sé difear do chumhachtaí buiséadacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar a leagtar amach in CFAE. Áireofar foráil chuige sin i ngníomhartha uile an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus ina bhfuil méid tagartha airgeadais den sórt sin.

C. CAITEACHAS A BHAINEANN LE COMHAONTUITHE IASCAIGH

20. Beidh caiteachas ar chomhaontuithe iascaigh faoi réir na rialacha sonracha seo a leanas.

Gabhann an Coimisiún air féin Parlaimint na hEorpa a choimeád ar an eolas go tráthrialta faoi ullmhú agus seoladh na gcaibidlíochtaí maidir le comhaontuithe iascaigh, lena n-áirítear impleachtaí buiséadacha na gcomhaontuithe sin.

Le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann le comhaontuithe iascaigh, gabhann na hInstitiúidí orthu féin gach dícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear gach nós imeachta i gcrích a thapúla is féidir.

Cuirfear i gcúlchiste na méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó le haghaidh athnuachan comhaontuithe iascaigh a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann.

Más amhlaidh nach leor na leithreasuithe a bhaineann le comhaontuithe iascaigh, lena n-áirítear an cúlchiste, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na cúiseanna leis an staid agus maidir le bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh faoi nósanna imeachta bunaithe. I gcás inar gá, molfaidh an Coimisiún bearta iomchuí.

Gach ráithe, cuirfidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme na gcomhaontuithe iascaigh atá i bhfeidhm agus réamhaisnéis airgeadais don chuid eile den bhliain faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

21. Gan dochar don nós imeachta ábhartha lena rialaítear comhaontuithe iascaigh a chaibidil, geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú an chomhair bhuiséadaigh, go dtiocfaidh siad ar chomhaontú tráthúil maidir le maoiniú leordhóthanach comhaontuithe iascaigh.

D. AN COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA (CBES) A MHAOINIÚ

22. Déanfar méid iomlán chaiteachas oibríochta CBES a iontráil go hiomlán in aon chaibidil amháin den bhuiséad, dar teideal CBES. Cumhdófar sa mhéid sin na fíor-riachtanais intuartha, arna measúnú faoi chuimsiú bhunú an dréachtbhuiséid, ar bhonn réamhaisnéisí arna dtarraingt suas go bliantúil ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"). Ceadófar corrlach réasúnta chun gníomhaíochtaí gan choinne a chumhdach. Ní fhéadfar aon chistí a chur isteach i gcúlchiste.

23. Maidir le caiteachas CBES a mhuirearófar ar bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 41 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, féachfaidh na hInstitiúidí, sa Choiste Idir-réitigh dá dtagraítear in Airteagal 314(5) CFAE agus ar bhonn an dréachtbhuiséid arna bhunú ag an gCoimisiún, le comhaontú a fháil gach bliain maidir le méid an chaiteachais oibríochtúil, agus maidir le dáileadh an mhéid sin idir airteagail chaibidil CBES den bhuiséad. In éagmais comhaontaithe, tuigtear go n-iontrálfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle sa bhuiséad an méid a bhí sa bhuiséad roimhe sin nó an méid atá beartaithe sa dréachtbhuiséad, cibé acu is lú.

Dáilfear méid iomlán chaiteachas oibríochtúil CBES idir airteagail chaibidil CBES den bhuiséad mar a thugtar le fios sa tríú mír. Cumhdóidh gach airteagal gníomhaíochtaí atá glactha cheana féin, gníomhaíochtaí atá beartaithe ach nach bhfuil glactha go fóill agus méideanna do ghníomhaíochtaí sa todhchaí — nach bhfuil beartaithe — atá le glacadh ag an gComhairle le linn na bliana airgeadais lena mbaineann.

I gcaibidil CBES den bhuiséad, d'fhéadfaí na hairteagail ina mbeidh gníomhaíochtaí CBES le hiontráil a léamh mar a leanas:

— mórmhisin aonair dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 52(1) den Rialachán Airgeadais;

— misin eile (le haghaidh oibríochtaí bainistíochta géarchéime, coinbhleachtaí a chosc, a réiteach agus a chobhsú, agus faireachán a dhéanamh ar phróisis síochána agus slándála agus iad a chur chun feidhme);

— neamhleathadh agus dí-armáil;

— bearta éigeandála;

— bearta ullmhúcháin agus bearta leantacha;

— Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh.

Ós rud é, faoin Rialachán Airgeadais, go bhfuil an t-údarás ag an gCoimisiún leithreasuithe a aistriú go huathrialach idir airteagail laistigh de chaibidil CBES den bhuiséad, áiritheofar dá réir sin an tsolúbthacht a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí CBES a chur chun feidhme go tapa. I gcás nach leor méid chaibidil CBES den bhuiséad le linn na bliana airgeadais chun na costais riachtanacha a chumhdach, lorgóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle réiteach mar ábhar práinne, ar thogra ón gCoimisiún.

24. Gach bliain, rachaidh an tArdionadaí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le doiciméad réamhbhreathnaitheach, a tharchuirfear faoin 15 Meitheamh den bhliain i dtrácht, ina leagfar amach príomhghnéithe agus bunroghanna CBES, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais do bhuiséad an Aontais, meastóireacht ar na bearta a seoladh i mbliain n-1 agus measúnú ar chomhordú agus ar chomhlántacht CBES le hionstraimí airgeadais seachtracha eile an Aontais. Thairis sin, cuirfidh an tArdionadaí Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta trí chruinnithe comhairliúcháin comhpháirteacha a thionól cúig huaire sa bhliain ar a laghad, faoi chuimsiú an idirphlé pholaitiúil rialta maidir le CBES, a bheidh le comhaontú an 30 Samhain ar a dhéanaí gach bliain. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi seach an rannpháirtíocht sna cruinnithe sin, agus aird á tabhairt acu ar chuspóir agus ar chineál na faisnéise a mhalartófar sna cruinnithe sin.

Iarrfar ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin freisin.

Má ghlacann an Chomhairle cinneadh i réimse CBES lena ngabhann caiteachas, cuirfidh an tArdionadaí chuig Parlaimint na hEorpa láithreach, agus i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 5 lá oibre ina dhiaidh sin, measachán ar na costais atá beartaithe ("ráiteas airgeadais"), go háirithe na costais sin a bhaineann leis an tréimhse ama, an fhoireann a fhostaítear, úsáid an áitribh agus bonneagair eile, saoráidí iompair, riachtanais oiliúna agus socruithe slándála.

Uair sa ráithe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chur chun feidhme ghníomhaíochtaí CBES agus réamhaisnéisí airgeadais don chuid eile den bhliain airgeadais.

E. RANNPHÁIRTÍOCHT NA N-INSTITIÚIDÍ MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA BEARTAIS FORBARTHA

25. Bunóidh an Coimisiún idirphlé neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa maidir le saincheisteanna beartais forbartha.

CUID III

BAINISTÍOCHT FHÓNTA AIRGEADAIS CHISTÍ AN AONTAIS

A. CLÁRÚ AIRGEADAIS

26. Tíolacfaidh an Coimisiún dhá uair sa bhliain, an chéad uair in éineacht leis na doiciméid a ghabhann leis an dréachtbhuiséad agus an dara huair tar éis buiséad ginearálta an Aontais a ghlacadh, clárú airgeadais iomlán le haghaidh cheannteideal 1, 2 (seachas an fo-cheannteideal "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach"), 3 (le haghaidh "An comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide" agus "Beartas muirí agus iascach"), 4, 5 agus 6 de CAI. Ba cheart an clárú sin, arna struchtúrú de réir ceannteidil, réimse beartais agus líne bhuiséid, an méid a leanas a shainaithint:

(a) an reachtaíocht atá i bhfeidhm, agus idirdhealú á dhéanamh idir cláir ilbhliantúla agus gníomhaíochtaí bliantúla:

   (i) i gcás clár ilbhliantúil, ba cheart don Choimisiún an nós imeachta faoinar glacadh iad (gnáthnós imeachta reachtach nó nós imeachta reachtach speisialta) a shonrú, mar aon lena ré, an t-imchlúdach airgeadais iomlán agus an sciar arna leithdháileadh ar chaiteachas riaracháin;

   (ii) na theannta sin, maidir le cláir ilbhliantúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CAI, ba cheart don Choimisiún na leithdháiltí breise faoi Airteagal 4a de Rialachán CAI a léiriú ar bhealach trédhearcach;

   (iii) i gcás gníomhaíochtaí bliantúla (a bhaineann le treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus gníomhaireachtaí) agus gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainchumais an Choimisiúin, ba cheart don Choimisiún meastacháin ilbhliantúla a sholáthar;

(b) tograí reachtacha ar feitheamh: tograí leanúnacha ón gCoimisiún, leis an nuashonrú is déanaí.

Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun an clárú airgeadais a chrostagairt lena chlárú reachtach chun réamhaisnéisí níos cruinne agus níos iontaofa a sholáthar. Maidir le gach togra reachtach, ba cheart don Choimisiún a thabhairt le fios cibé an bhfuil sé san áireamh sa chlárú a chuirtear in iúl tráth an dréachtbhuiséid a thíolacadh nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach. Ba cheart, go háirithe, don Choimisiúin Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) gach gníomh reachtach nua a glacadh agus gach togra atá ar feitheamh a tíolacadh ach nach n-áirítear sa chlárú a cuireadh in iúl tráth an dréachtbhuiséid nó tar éis an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach (agus na méideanna comhfhreagracha ag gabháil leis);

(b) reachtaíocht dá bhforáiltear i gclár oibre reachtach bliantúil an Choimisiúin, ina dtugtar le fios cibé an dócha go mbeidh tionchar airgeadais ag na gníomhaíochtaí.

Nuair is gá, ba cheart don Choimisiún an t-athchlárú a ghabhann le tograí reachtacha nua a léiriú.

B. GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS SCOILEANNA EORPACHA

27. Sula dtíolacfaidh sé togra chun gníomhaireacht nua a chruthú, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair fónta, iomlán agus oibiachtúil a chur ar fáil, lena gcuirtear san áireamh, *inter alia*, mais chriticiúil na foirne agus na n-inniúlachtaí, gnéithe costais is tairbhe, coimhdeacht agus comhréireacht, an tionchar ar ghníomhaíochtaí náisiúnta agus ar ghníomhaíochtaí an Aontais, agus na himpleachtaí buiséadacha don cheannteideal caiteachais lena mbaineann. Ar bhonn na faisnéise sin agus gan dochar do na nósanna imeachta reachtacha lena mbunaítear an ghníomhaireacht, geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú an chomhair bhuiséadaigh, go dtiocfaidh siad ar chomhaontú tráthúil maidir le maoiniú na gníomhaireachta atá beartaithe.

Cuirfear na céimeanna nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

— ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Coimisiún aon togra maidir le gníomhaireacht nua a chur ar bun a thíolacadh go córasach don chéad chruinniú tríthaobhach tar éis an togra uaidh a ghlacadh, agus tíolacfaidh sé an ráiteas airgeadais a bheidh ag gabháil leis an togra reachtach maidir leis an ngníomhaireacht a bhunú agus léireoidh sé na hiarmhairtí a bheidh ann don chuid eile den chlárú airgeadais;

— ar an dara dul síos, le linn an phróisis reachtaigh, cabhróidh an Coimisiún leis an reachtóir iarmhairtí airgeadais na leasuithe arna mbeartú a mheasúnú. Ba cheart na hiarmhairtí airgeadais sin a mheas le linn na gcruinnithe tríthaobhacha reachtacha ábhartha;

— ar an tríú dul síos, tíolacfaidh an Coimisiún, roimh an bpróiseas reachtach a thabhairt i gcrích, ráiteas airgeadais nuashonraithe a chuirfidh san áireamh leasuithe a d'fhéadfadh an reachtóir a dhéanamh; cuirfear an ráiteas airgeadais críochnaitheach sin ar chlár oibre an chruinnithe thríthaobhaigh reachtaigh dheireanaigh agus formhuineoidh an reachtóir go foirmiúil é. Cuirfear ar chlár oibre cruinnithe thríthaobhaigh bhuiséadaigh ina dhiaidh sin é freisin (i gcásanna práinneacha, i bhfoirm shimplithe) d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an maoiniú;

— ar an gceathrú dul síos, déanfar an comhaontú ar thángthas air le linn cruinniú thríthaobhach, agus measúnú buiséadach an Choimisiúin maidir le hábhar an phróisis reachtaigh á chur san áireamh, a dhaingniú i ndearbhú comhpháirteach. Beidh an comhaontú sin faoi réir formheas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, gach ceann acu i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin.

Chuirfí an nós imeachta céanna i bhfeidhm maidir le haon leasú ar ghníomh dlí a bhaineann le gníomhaireacht a mbeadh tionchar aige ar acmhainní na gníomhaireachta i dtrácht.

Má dhéantar cúraimí gníomhaireachta a athrú go suntasach gan leasú ar an ngníomh dlí lena mbunaítear an ghníomhaireacht i dtrácht, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas trí bhíthin ráiteas airgeadais athbhreithnithe, ionas go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle teacht ar chomhaontú tráthúil maidir le maoiniú na gníomhaireachta.

28. Ba cheart na forálacha ábhartha ón gCur Chuige Coiteann atá i gceangal leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a síníodh an 19 Iúil 2012 a chur san áireamh go cuí sa nós imeachta buiséadach.

29. Nuair a bheartaíonn an Bord Gobharnóirí scoil Eorpach nua a chruthú, bíonn nós imeachta comhchosúil le cur i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir lena himpleachtaí buiséadacha ar bhuiséad an Aontais.

CUID IV

COSAINT AR BHUISÉAD AN AONTAIS: CÁILÍOCHT AGUS INCHOMPARÁIDEACHT SONRAÍ FAOI THAIRBHITHE

30. I gcomhréir le hiarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus mar fhreagra ar phointe 24 de Chonclúidí ón gComhairle an 17 go 21 Iúil 2020, chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh i gcoinne na calaoise agus na neamhrialtachtaí, comhaontaíonn na hInstitiúidí faoin ngá atá le bearta caighdeánaithe chun faisnéis ar fhaighteoirí deiridh agus ar thairbhithe deiridh cistithe ón Aontas a bhailiú, a chomparáid agus a chomhiomlánú, chun críoch rialaithe agus iniúchóireachta.

31. Chun rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú, is gá sonraí a bhailiú i dtaca leo siúd a dtéann cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte agus faoi thionscadail agus athchóirithe lena dtacaítear faoi Rialachán Pharlaimint na hEorpa agus an Comhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leo chun sochair dóibh go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear sonraí faoi úinéirí tairbhiúla faighteoirí cistithe ón Aontas. Ní mór do na rialacha maidir le sonraí den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil na rialacha cosanta sonraí is infheidhme a chomhlíonadh.

32. Chun feabhas a chur le cosaint bhuiséad an Aontais, cuirfidh an Coimisiún córas comhtháite agus idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin ar fáil, lena n-áirítear uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca amháin, chun measúnú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí dá dtagraítear i bpointe 31 d'fhonn go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar bhealach ginearálaithe é. D'áiritheofaí leis an gcóras sin go ndéanfaí seiceálacha éifeachtúla ar choinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí, saincheisteanna cistithe dúbailte agus aon mhí-úsáid a bhaintear as na cistí. Ba cheart an rochtain is gá a bheith ag an gCoimisiún, ag an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) agus ag comhlachtaí imscrúduithe agus rialúcháin eile de chuid an Aontais ar na sonraí sin chun a bhfeidhmeanna mhaoirseachta a fheidhmiú maidir leis na rialuithe agus na hiniúchtaí atá le déanamh ag na Ballstáit ar an gcéad dul síos chun neamhrialtachtaí a bhrath agus imscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar mhí-úsáid an chistithe ón Aontas lena mbaineann. agus chun forléargas beacht a fháil ar a leithdháileadh.

33. Gan dochar do shainchumais na n-Institiúidí faoi bhunúis dlí na gConarthaí, le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann leis na bunghníomhartha ábhartha, geallann na hInstitiúidí go gcomhoibreoidh siad go dílis chun a áirithiú go ndéanfar an obair leantach ar Chonclúidí ón gComhairle an 17 go 21 Iúil 2020, i gcomhréir leis an gcur chuige a ndéantar cur síos air sa Chuid seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*	*Thar ceann an Choimisiúin*
An tUachtarán	*An tUachtarán*	*Ar son an Uachtaráin,*
David Maria SASSOLI	Michael ROTH	Johannes HAHN

IARSCRÍBHINN I

COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH LE LINN AN NÓS IMEACHTA BHUISÉADAIGH

Cuid A. Féilire an nós imeachta bhuiséadaigh

1. Comhaontóidh na hInstitiúidí féilire pragmatach gach bliain in am trátha roimh thús an nós imeachta bhuiséadaigh ar bhonn an chleachtais reatha.

2. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann a sainchumais bhuiséadacha a fheidhmiú go héifeachtach, déanfar riochtaí buiséadacha, aistrithe nó fógraí eile lena ndéantar spriocanna a chur i ngníomh a thíolacadh agus aird chuí á tabhairt ar aon tréimhsí sosa, a bhfuil a ndátaí curtha in iúl ag na hinstitiúidí dá chéile in am trátha trína seirbhísí faoi seach.

Cuid B. Tosaíochtaí le haghaidh an nós imeachta bhuiséadaigh

3. In am trátha sula nglacfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad, tionólfar cruinniú tríthaobhach chun na tosaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do bhuiséad na bliana airgeadais atá le teacht a phlé, mar aon le haon cheisteanna a eascraíonn as cur chun feidhme bhuiséad na bliana airgeadais reatha, ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe 37.

Cuid C. An dréachtbhuiséad a bhunú agus na meastacháin a nuashonrú

4. Iarrtar ar na hinstitiúidí, seachas an Coimisiún, a ráiteas meastachán a ghlacadh roimh dheireadh mhí an Mhárta.

5. Tíolacfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséad, gach bliain, a thaispeánfaidh riachtanais maoinithe iarbhír an Aontais.

   Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh ann:

   (a) réamhaisnéisí arna soláthar ag na Ballstáit i ndáil leis na Cistí Struchtúracha;

   (b) an cumas chun leas a bhaint as leithreasuithe, agus iarracht á dhéanamh dianchaidreamh a choimeád ar bun idir leithreasuithe do ghealltanais agus leithreasuithe d'íocaíochtaí;

   (c) go bhféadfadh sé go gcuirfí tús le beartais nua trí threoirthionscadail, trí ghníomhaíochtaí nua ullmhúcháin nó tríd an dá rud, nó go leanfaí le gníomhaíochtaí ilbhliantúla atá ag teacht chun deiridh, tar éis measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir bunghníomh a áirithiú, de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais (sainmhíniú ar bhunghníomh, an gá atá le bunghníomh le haghaidh cur chun feidhme agus eisceachtaí);

   (d) a riachtanaí atá sé a áirithiú go bhfuil aon athrú ar chaiteachas i ndáil leis an mbliain roimhe sin i gcomhréir le srianta an smachta bhuiséadaigh.

6. Seachnóidh na hinstitiúidí, a mhéid is féidir, míreanna a iontráil sa bhuiséad a bhaineann le méideanna neamhshuntasacha caiteachais ar oibríochtaí.

7. Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle orthu féin freisin aird a thabhairt ar an measúnú ar na féidearthachtaí chun an buiséad arna dhéanamh ag an gCoimisiún ina dhréachtaí a chur chun feidhme agus i ndáil leis an mbuiséad don bhliain airgeadais reatha. a chur chun feidhme.

8. Ar mhaithe le bainistíocht fhónta airgeadais agus mar gheall ar éifeacht athruithe móra ar theidil agus ar chaibidlí na hainmníochta buiséid ar fhreagrachtaí tuairiscithe bainistíochta ranna an Choimisiúin, gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle orthu féin aon athruithe móra a phlé leis an gCoimisiún le linn an idir-réitigh.

9. Ar mhaithe le comhar institiúideach dílis fónta, geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go gcoinneoidh siad teagmhálacha rialta agus gníomhacha ar bun ar gach leibhéal, trína n-idirbheartaithe faoi seach, ar feadh an nós imeachta bhuiséadaigh ar fad agus, go háirithe, le linn na tréimhse uile idir-réitigh. Gabhann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle orthu féin a áirithiú go malartófar faisnéis agus doiciméid ábhartha go tráthúil leanúnach agus go frithpháirteach ar an leibhéal foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus cruinnithe teicniúla nó neamhfhoirmiúla a thionól de réir mar is gá, le linn na tréimhse idir-réitigh, i gcomhar leis an gCoimisiún. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain thráthúil chomhionann ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid.

10. Go dtí go dtionólfar an Coiste Idir-réitigh, féadfaidh an Coimisiún, más gá, litreacha leasaitheacha a ghabhann leis an dréachtbhuiséad a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 314(2) CFAE, lena n-áirítear litir leasaitheach lena dtabharfar cothrom le dáta, go háirithe, meastacháin chaiteachais don talmhaíocht. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na nuashonruithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a luaithe a bheidh sí ar fáil ionas go bhféadfaidh siad iad a bhreithniú. Soláthróidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na cúiseanna cuí-réasúnaithe go léir a fhéadfaidh a bheith de dhíth orthu.

Cuid D. An nós imeachta buiséadach roimh an nós imeachta idir-réitigh

11. Tionólfar cruinniú tríthaobhach in am trátha roimh léamh na Comhairle, chun go mbeidh na hInstitiúidí in ann a dtuairimí a mhalartú maidir leis an dréachtbhuiséad.

12. Ionas go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh in am trátha ar infhorghníomhaitheacht na leasuithe arna mbeartú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, ar leasuithe iad a chruthaíonn gníomhaíochtaí nua ullmhúcháin nó tionscadail phíolótacha nua nó a chuireann síneadh le gníomhaíochtaí nó tionscadail den sórt sin atá ann cheana, cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Coimisiún ar an eolas faoina bhfuil ar intinn acu i ndáil leis sin, ionas go bhféadfar an chéad phlé a dhéanamh ag an gcruinniú tríthaobhach sin.

13. D'fhéadfaí cruinniú tríthaobhach a thionól roimh na vótaí i suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa.

Cuid E. An nós imeachta idir-réitigh

14. Má ghlacann Parlaimint na hEorpa leasuithe ar sheasamh na Comhairle, tabharfaidh Uachtarán na Comhairle aird, le linn an tsuí iomlánaigh chéanna, ar na difríochtaí idir seasaimh an dá institiúid agus toileoidh sé/sí d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an Coiste Idir-réitigh a chomóradh láithreach. Seolfar an litir lena gcomórtar an Coiste Idir-réitigh, ar a dhéanaí, ar an gcéad lá oibre den tseachtain tar éis dheireadh an pháirtseisiúin pharlaimintigh ar lena linn a rinneadh an vótáil i suí iomlánach, agus tosóidh an tréimhse idir-réitigh an lá dar gcionn. Ríomhfar an tréimhse 21 lá i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle ([1]).

15. Más rud é nach féidir leis an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe go léir a ghlac Parlaimint na hEorpa, ba cheart di a seasamh a dheimhniú i litir a sheolfar roimh an gcéad chruinniú dá bhforáiltear le linn na tréimhse idir-réitigh. Sa chás sin, gníomhóidh an Coiste Idir-réitigh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna pointí seo a leanas.

16. Beidh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste Idir-réitigh. Is é an comhchathaoirleach as an institiúid ina mbeidh an cruinniú ar siúl a dhéanfaidh cathaoirleacht ar chruinnithe an Choiste Idir-réitigh. Déanfaidh gach institiúid, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin, a rannpháirtithe i ngach cruinniú a ainmniú agus déanfaidh siad a sainordú le haghaidh na caibidlíochta a leagan amach. Is oifigigh ar leibhéal iomchuí a dhéanfaidh ionadaíocht ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle ag an gCoiste Idir-réitigh, ionas go bhféadfaidh gach toscaireacht gealltanas polaitiúil a thabhairt ar son a hinstitiúide féin, agus go bhféadfar dul chun cinn iarbhír a dhéanamh i dtreo an chomhaontaithe deiridh.

([1]) Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

17. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 314(5) CFAE, beidh an Coimisiún rannpháirteach in imeachtaí an Choiste Idir-réitigh agus tabharfaidh sé faoi na tionscnaimh go léir is gá d'fhonn seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a réiteach.

18. Tionólfar cruinnithe tríthaobhacha le linn an nós imeachta idir-réitigh, ar leibhéil éagsúla ionadaíochta, d'fhonn saincheisteanna atá fós gan fhuascailt a réiteach agus d'fhonn an bealach a ullmhú chun teacht ar chomhaontú sa Choiste Idir-réitigh.

19. Beidh cruinnithe an Choiste Idir-réitigh agus na cruinnithe tríthaobhacha in áitreabh Pharlaimint na hEorpa agus in áitreabh na Comhairle gach re seal, d'fhonn saoráidí a roinnt go cothrom, lena n-áirítear saoráidí ateangaireachta.

20. Socrófar dátaí chruinnithe an Choiste Idir-réitigh agus na gcruinnithe tríthaobhacha roimh ré trí chomhaontú na n-Institiúidí.

21. Cuirfear ar fáil don Choiste Idir-réitigh sraith choiteann doiciméad ("doiciméid ionchuir") ina ndéanfar comparáid idir céimeanna éagsúla an nós imeachta bhuiséadaigh ([2]). Áireofar sna doiciméid sin figiúirí "líne ar líne", iomláin de réir cheannteidil CAI agus doiciméad comhdhlúite ina mbeidh figiúirí agus nótaí do na línte buiséid uile a mheastar a bheith "oscailte" go teicniúil. Gan dochar do chinneadh críochnaitheach an Choiste Idir-réitigh, liostófar i ndoiciméad sonrach gach líne bhuiséid a mheastar a bheith dúnta go teicniúil ([3]). Aicmeofar na doiciméid sin de réir ainmníocht bhuiséadach.

    Cuirfear doiciméid eile i gceangal freisin leis na doiciméid ionchuir don Choiste Idir-réitigh, lena n-áirítear litir infhorghníomhaitheachta ón gCoimisiún maidir le seasamh na Comhairle agus leasuithe Pharlaimint na hEorpa, agus aon litir nó litreacha ó institiúidí eile maidir le seasamh na Comhairle nó leasuithe Pharlaimint na hEorpa.

22. D'fhonn teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na tréimhse idir-réitigh, déanfar an méid seo a leanas sna cruinnithe tríthaobhacha:

    (a) saineofar raon feidhme na caibidlíochta maidir leis na saincheisteanna buiséadacha ar a dtabharfar aghaidh;

    (b) formhuineofar liosta na línte buiséid a mheastar a bheith dúnta go teicniúil, faoi réir comhaontú deiridh a bheith ann maidir le buiséad iomlán na bliana airgeadais;

    (c) pléifear saincheisteanna a sainaithníodh faoi phointe (a) d'fhonn teacht ar chomhaontuithe a fhormhuineoidh an Coiste Idir-réitigh;

    (d) tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna téamacha, lena n-áirítear ceannteidil CAI.

    Cuirfear conclúidí trialacha i dtoll a chéile go comhpháirteach le linn gach cruinnithe thríthaobhaigh nó díreach ina dhiaidh, agus, ag an am céanna, comhaontófar clár oibre an chéad chruinnithe eile. Is í an institiúid ina raibh an cruinniú tríthaobhach ar siúl a chláróidh na conclúidí sin agus measfar iad a bheith formheasta go sealadach tar éis 24 uair an chloig, gan dochar do chinneadh deiridh an Choiste Idir-réitigh.

23. Beidh conclúidí na gcruinnithe tríthaobhacha agus doiciméad a d'fhéadfaí a fhormhuiniú ar fáil don Choiste Idir-réitigh ag a chuid cruinnithe, mar aon leis na línte buiséid ar thángthas ar chomhaontú ina leith go trialach le linn na gcruinnithe tríthaobhacha.

24. Le cúnamh ón gCoimisiún, bunóidh rúnaíochtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an téacs comhpháirteach dá bhforáiltear in Airteagal 314(5) CFAE. Litir tharchuir a bheidh sa téacs sin, a chuirfidh cathaoirligh an dá thoscaireacht chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, ina mbeidh dáta an chomhaontaithe ag an gCoiste Idir-réitigh, agus iarscríbhinní ina mbeidh an méid a leanas:

    (a) figiúirí mionsonraithe de réir gach míre buiséid agus figiúirí achoimre de réir cheannteideal CAI;

([2]) Ar na céimeanna éagsúla tá na cinn a leanas: buiséad na bliana airgeadais reatha (lena n-áirítear na buiséid leasaitheacha arna nglacadh); an dréachtbhuiséad tosaigh; seasamh na Comhairle maidir leis an dréachtbhuiséad; leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar sheasamh na Comhairle agus na litreacha leasaitheacha a thíolaic an Coimisiún (murar fhormheas na hInstitiúidí go hiomlán fós iad).

([3]) Is líne bhuiséid a mheastar a bheith dúnta go teicniúil líne nach bhfuil aon easaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ina leith, agus nár tíolacadh aon litir leasaitheach ina leith.

(b) doiciméad comhdhlúite, ina léirítear figiúirí agus téacs deiridh na línte uile a leasaíodh le linn an nós imeachta idir-réitigh;

(c) liosta na línte nár leasaíodh maidir leis an dréachtbhuiséad nó le seasamh na Comhairle ina leith.

Féadfaidh an Coiste Idir-réitigh conclúidí a fhormheas mar aon le ráitis chomhpháirteacha i ndáil leis an mbuiséad a d'fhéadfadh a bheith ann.

25. Aistreofar an téacs comhpháirteach go teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais (is iad seirbhísí Pharlaimint na hEorpa a aistreoidh) agus tíolacfar iad ionas go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad a fhormheas, laistigh de thréimhse 14 lá ó dháta an chomhaontaithe maidir leis an téacs comhpháirteach dá dtagraítear i bpointe 24.

Déanfar athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an mbuiséad tar éis ghlacadh an téacs chomhpháirtigh trí iarscríbhinní an téacs chomhpháirtigh a chomhtháthú leis na línte buiséid nár leasaíodh le linn an nós imeachta idir-réitigh.

26. Cuirfidh an institiúid ina mbeidh an cruinniú ar siúl (an cruinniú tríthaobhach nó idir-réitigh) saoráidí ateangaireachta ar fáil lena ngabhfaidh córas iomlán teanga maidir le cruinnithe an Choiste Idir-réitigh agus córas teanga *ad hoc* maidir leis na cruinnithe tríthaobhacha.

Is í an institiúid ina mbeidh an cruinniú ar siúl a fhorálfaidh do chóipeáil agus dáileadh na ndoiciméad cruinnithe.

Oibreoidh seirbhísí na nInstitiúidí i gcomhar le chéile chun torthaí na gcaibidlíochta a ionchódú chun bailchríoch a chur ar an téacs comhpháirteach.

Cuid F. Buiséid Leasaitheacha

Prionsabail ghinearálta

27. Agus é á chur san áireamh acu go ndírítear go minic sna buiséid leasaitheacha ar shaincheisteanna sonracha agus, uaireanta, ar shaincheisteanna práinneacha, comhaontaíonn na hInstitiúidí ar na prionsabail seo a leanas chun comhar iomchuí idirinstitiúideach a áirithiú do phróiseas cinnteoireachta rianúil sciobtha le haghaidh buiséid leasaitheacha agus ag an am céanna nach mbeidh gá, a mhéid is féidir, le cruinniú idir-réitigh a thionól le haghaidh buiséid leasaitheacha.

28. A mhéid is féidir, féachfaidh na hInstitiúidí le líon na mbuiséad leasaitheach a theorannú.

An féilire

29. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas roimh ré faoi na dátaí a fhéadfar dréachtbhuiséid leasaitheacha a ghlacadh, gan dochar do dháta deiridh an ghlactha.

30. Féachfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, gach ceann acu i gcomhréir lena rialacha nós imeachta inmheánacha, leis an dréachtbhuiséad leasaitheach a mholfaidh an Coimisiún a scrúdú go luath tar éis don Choimisiún é a ghlacadh.

31. Chun dlús a chur leis an nós imeachta, áiritheoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go ndéanfar a bhféilirí oibre faoi seach a chomhordú a mhéid is féidir, chun go bhféadfar imeachtaí a riaradh ar bhealach comhleanúnach agus cóineasaithe. Féachfaidh siad, dá bhrí sin, le tráthchlár táscach a bhunú a luaithe is féidir le haghaidh na gcéimeanna éagsúla as a dtiocfaidh glacadh críochnaitheach an bhuiséid leasaithigh.

Cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle san áireamh an phráinn, i dtaca le holc, atá leis an mbuiséad leasaitheach agus an gá atá lena fhormheas in am trátha le go mbeidh sé éifeachtach le linn na bliana airgeadais lena mbaineann.

An comhar le linn na léamha

32. Comhoibreoidh na hInstitiúidí de mheon macánta ar feadh an nós imeachta ar fad, agus réiteoidh siad an bealach, a mhéid is féidir, chun buiséid leasaitheacha a ghlacadh ag céim luath le linn an nós imeachta.

I gcás inarb iomchuí, agus i gcás ina bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, sula nglacfaidh gach ceann acu a seasamh críochnaitheach maidir leis an mbuiséad leasaitheach, nó féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith, a mholadh go dtionólfaí cruinniú tríthaobhach ar leith chun na heisréimneachtaí a phlé agus chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach.

33. Na dréachtbhuiséid leasaitheacha go léir arna mholadh ag an gCoimisiún agus nach bhfuil formheasta go críochnaitheach go fóill, cuirfear iad go córasach ar chlár oibre na gcruinnithe tríthaobhacha atá beartaithe don nós imeachta buiséadach bliantúil. Tíolacfaidh an Coimisiún na dréachtbhuiséid leasaitheacha agus cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasaimh faoi seach in iúl, a mhéid is féidir, roimh an gcruinniú tríthaobhach.

34. Má thagtar ar chomhréiteach ag cruinniú tríthaobhach, gabhfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle orthu féin, i gcomhréir le CFAE agus lena rialacha nós imeachta, torthaí an chruinnithe thríthaobhaigh a bhreithniú agus an buiséad leasaitheach á phlé acu.

An comhar tar éis na léamha

35. Má fhormheasann Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle gan leasuithe, glacfar an buiséad leasaitheach i gcomhréir le CFAE.

36. Má ghlacann Parlaimint na hEorpa leasuithe trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, beidh feidhm ag pointe (c) d'Airteagal 314(4) CFAE. Sula dtiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile, áfach, comórfar cruinniú tríthaobhach:

(a) má thagtar ar chomhaontú le linn na gcruinnithe tríthaobhacha sin agus, faoi réir chomhaontú Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le torthaí an chruinnithe thríthaobhaigh, cuirfear deireadh leis an idir-réiteach le malartú litreacha gan cruinniú den Choiste Idir-réitigh;

(b) mura dtiocfar ar chomhaontú le linn an chruinnithe thríthaobhaigh sin, tiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile agus eagróidh sé a chuid oibre i gcomhréir leis na himthosca, d'fhonn an próiseas cinnteoireachta a chur i gcrích a mhéid is féidir roimh an sprioc 21 lá a leagtar síos in Airteagal 314(5) CFAE. Féadfaidh an Coiste Idir-réitigh bailchríoch a chur ar a chuid oibre trí mhalartú litreacha.

Cuid G. Cur chun feidhme an bhuiséid, íocaíochtaí agus *reste à liquider* (RAL)

37. Ós rud é gur gá forchéimniú ordúil na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a áirithiú maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun aon aistriú neamhghnách RAL ó bhliain amháin go bliain eile a sheachaint, comhaontaíonn na hinstitiúidí faireachán géar a dhéanamh ar leibhéal RAL chun an riosca a mhaolú go gcuirfí bac ar chur chun feidhme chláir an Aontais de dheasca easpa leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta ag deireadh CAI.

Chun a áirithiú gur féidir leibhéal agus próifíl na n-íocaíochtaí faoi gach ceannteideal a bhainistiú, cuirfear rialacha maidir le saoradh i bhfeidhm go docht faoi gach ceannteideal, go háirithe na rialacha maidir le saoradh uathoibríoch.

Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, tiocfaidh na hInstitiúidí le chéile go tráthrialta d'fhonn measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar an staid mar atá agus ar an ionchas maidir le cur chun feidhme buiséadach sa bhliain reatha agus sna blianta airgeadais atá le teacht. Beidh an measúnú sin i bhfoirm cruinnithe idirinstitiúideacha tiomnaithe ar an leibhéal iomchuí, agus roimh na cruinnithe sin soláthróidh an Coimisiún tuairisc mhionsonraithe ar an staid mar atá, arna miondealú de réir ciste agus de réir Ballstáit, maidir le cur chun feidhme íocaíochta, maidir le héilimh ar aisíocaíocht a fuarthas agus maidir le réamhaisnéisí athbhreithnithe, lena n-áirítear réamhaisnéisí fadtéarmacha, i gcás inarb infheidhme. Go háirithe, chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas a oibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as gealltanais a tugadh cheana agus gealltanais a thabharfar amach anseo sa tréimhse 2021- 2027 a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 323 CFAE, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle anailís agus plé ar mheastacháin an Choimisiúin maidir le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cheanglófar.

Cuid H Comhar a mhéid a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ([4])

38. Chun dul i ngleic le hiarmhairtí ghéarchéim COVID-19, agus chun na críche sin amháin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún cistí ar mhargaí caipitil suas le EUR 750 000 milliún a fháil ar iasacht i bpraghsanna 2018 thar ceann an Aontais, agus féadfar suas le EUR 390 000 milliún de sin i bpraghsanna 2018 a úsáid le haghaidh agus féadfar suas le EUR 360 000 milliún de sin i bpraghsanna 2018 a úsáid chun iasachtaí a sholáthar caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Mar a fhoráiltear i Rialachán EURI, is ioncam sannta seachtrach chun críocha Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sa mhéid a úsáidfear le haghaidh caiteachais.

39. Comhaontaíonn na hInstitiúidí gur gá cur leis an ról atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, ag gníomhú dóibh ina gcáil mar údarás buiséadach, i ndáil leis an ioncam sannta seachtrach faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, d'fhonn formhaoirseacht chuí ar úsáid an ioncaim sin agus rannpháirtíocht in úsáid an ioncaim sin a áirithiú, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i Rialachán EURI agus, de réir mar is iomchuí, rannpháirtíocht sa reachtaíocht earnálach ábhartha. Tá na hInstitiúidí ar aon fhocal freisin gur gá trédhearcacht agus infheictheacht iomlán na gcistí uile faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

Ioncam sannta seachtrach faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

40. Ós rud é gur gá rannpháirtíocht iomchuí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i rialachas ioncaim shannta sheachtraigh faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a áirithiú, comhaontaíonn na trí hInstitiúid maidir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 41 go 46.

41. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe maille lena dhréachtmheastacháin i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh. Áireofar ar an bhfaisnéis sin meastacháin mhionsonraithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí mar aon le meastacháin mhionsonraithe ar ghealltanais dhlíthiúla, arna miondealú de réir teidil agus de réir an chláir atá ag fáil ioncam sannta faoi Rialachán EURI. Soláthróidh an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha bhreise a iarrfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle. Cuirfidh an Coimisiún doiciméad i gceangal leis an dréachtbhuiséad ina dtiomsófar an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear táblaí achoimre lena gcomhbhailítear leithreasuithe buiséid agus ioncam sannta faoin Ionstraim Eorpach Théarnaimh. Beidh an doiciméad sin ina chuid den iarscríbhinn a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais maidir le hioncam sannta seachtrach dá bhforáiltear i bpointe 44.

42. Déanfaidh an Coimisiún, le linn na bliana airgeadais agus roimh gach cruinniú tiomnaithe dá dtagraítear i bpointe 45 ar a laghad, nuashonruithe tráthrialta ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 41 a thíolacadh. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ábhartha ar fail do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle in am trátha ionas gur féidir pléití agus díospóireachtaí fiúntacha a dhéanamh ar dhoiciméid phleanála chomhfhreagracha, lena n-áirítear sula nglacfaidh an Coimisiún cinntí ábhartha.

43. Tiocfaidh na trí Institiúid le chéile go tráthrialta i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh d'fhonn measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar chur chun feidhme an ioncaim shannta sheachtraigh faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, go háirithe staid na himeartha agus lena bhfuil i ndán, agus chun plé a dhéanamh ar na meastacháin bhliantúla a sholáthraítear leis na dréachtbhuiséid faoi seach agus lena ndáileadh, agus aird chuí á tabhairt ar na teorainneacha agus na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán EURI agus, de réir mar is iomchuí, sa reachtaíocht earnálach ábhartha.

44. Cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gceangal le buiséad ginearálta an Aontais, i bhfoirm iarscríbhinne, doiciméad ina leagfar amach na línte buiséid go léir a fhaigheann ioncam sannta faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, úsáidfidh siad an struchtúr buiséid chun freastal ar an ioncam sannta faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe na barúlacha buiséadacha, chun rialú cuí a dhéanamh agus úsáid á baint as an ioncam sin. I gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán Airgeadais, áireoidh

([4]) I gcás ina ndéanann an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh ón gComhairle faoi Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí buiséadacha suntasacha a bheith ag baint leis, tá feidhm ag an nós imeachta mar a leagtar amach é sa dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiúin an 16 Nollaig 2020 maidir le grinnscrúdú buiséadach ar thograí nua bunaithe ar Airteagal 122 CFAE a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar bhuiséad an Aontais (IO L 444, 22.12.2020, lch. 5)..

Parlaimint na hEorpa agus an Comhairle barúlacha sa ráiteas ar chaiteachas, lena n-áirítear barúlacha ginearálta, ina dtaispeánfar na línte buiséid a fhéadfaidh na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta ar bhonn Rialachán EURI a fháil agus ina léireofar na méideanna ábhartha. Gabhann an Coimisiún air féin, trína fhreagracht as an ioncam sannta a chur chun feidhme, aird chuí a thabhairt ar na barúlacha sin.

45. Comhaontaíonn na hInstitiúidí cruinnithe idirinstitiúideacha tiomnaithe a eagrú ar an leibhéal iomchuí d'fhonn measúnú a dhéanamh ar staid na himeartha agus ar a bhfuil i ndán i dtaobh ioncam sannta seachtrach faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Beidh na cruinnithe ar siúl trí huaire ar a laghad i mbliain airgeadais go luath roimh chruinnithe tríthaobhacha buiséadacha nó go luath ina ndiaidh. Thairis sin, tiocfaidh na trí Institiúid le chéile ar bhonn *ad hoc* má chuireann institiúid amháin iarraidh réasúnaithe ar fáil. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle barúlacha i scríbhinn a thíolacadh tráth ar bith maidir le cur chun feidhme ioncaim shannta sheachtraigh. Gabhann an Coimisiún air féin aird chuí a thabhairt ar aon bharúlacha agus moltaí a thugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Féadfar aghaidh a thabhairt sna cruinnithe sin ar dhialltaí móra i gcaiteachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le pointe 46.

46. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe maidir le haon dhiallas óna chéad réamhaisnéisí roimh chruinniú idirinstitiúideach tiomnaithe dá dtagraítear i bpointe 45 agus ar bhonn *ad hoc* i gcás claonadh mór. Is mór claonadh ó chaiteachas réamh-mheasta maidir leis an Ionstraim Eorpach Théarnaimh má dhiallann an caiteachas níos mó ná 10 % ón réamhaisnéis do bhliain airgeadais ar leith nó i gclár ar leith. I gcás dialltaí móra ó na chéad réamhaisnéisí, déanfaidh na hInstitiúidí an cheist a phlé, má iarann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an méid sin a dhéanamh laistigh de choicís tar éis fógra diallais suntasach a fháil. Déanfaidh na hInstitiúidí measúnú comhpháirteach ar an ábhar sin d'fhonn teacht ar chomhdhearcadh laistigh de thrí seachtaine tar éis iarraidh chun cruinniú a eagrú. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar aon bharúlacha a fhaightear. Gabhann an Coimisiún air féin gan aon chinneadh a dhéanamh go dtabharfar na pléití i gcrích nó go rachaidh an tréimhse trí seachtaine in éag. Sa dara cás díobh sin, tabharfaidh an Coimisiún údar cuí lena chinneadh. I gcás práinne, féadfaidh na hInstitiúidí a chomhaontú seachtain a ghearradh de na spriocdhátaí.

Iasachtaí arna gcur ar fáil faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

47. Chun faisnéis iomlán chomh maith le trédhearcacht agus infheictheacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le comhpháirt iasachta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh cuirfidh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoi iasachtaí a thugtar do na Ballstáit faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh in éineacht lena dhréachtmheastacháin, agus aird ar leith á tabhairt ag an am céanna ar fhaisnéis íogair, atá faoi chosaint.

48. Taispeánfar faisnéis faoi iasachtaí faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh sa bhuiséad i gcomhréir leis na ceanglais atá i bpointe (d) d'Airteagal 52(1) den Rialachán Airgeadais agus ina n-áireofar freisin an iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe (iii) den phointe sin.

IARSCRÍBHINN II

COMHAR IDIRINSTIÚIDEACH MAIDIR LE TREOCHLÁR I DTREO ACMHAINNÍ DÍLSE NUA A THABHAIRT ISTEACH

Brollach

A. Tá na hInstitiúidí tiomanta do chomhar dílis trédhearcach agus don obair ar threochlár a chur chun feidhme chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach thar fhad CAI 2021-2027.

B. Aithníonn na hInstitiúidí an tábhacht atá le comhthéacs Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, inar cheart na hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

C. Chun dul i ngleic le hiarmhairtí ghéarchéim COVID-19, agus chun na críche sin amháin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, faoi Airteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, cistí ar mhargaí caipitil suas le EUR 750 000 milliún i bpraghsanna 2018a fháil ar iasacht thar ceann an Aontais, agus féadfar suas le EUR 390 000 milliún de sin i bpraghsanna 2018 a úsáid le haghaidh caiteachas i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 5(1) den Chinneadh sin.

D. Caithfear aisíocaíocht phríomhshuim na gcistí sin a bheidh le húsáid le haghaidh caiteachas faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus an t-ús gaolmhar atá dlite a mhaoiniú le buiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear trí fháltais leordhóthanacha ó acmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021. Aisíocfar na dliteanais ghaolmhara go léir ina n-iomláine faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí mar a fhoráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 5(2) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Braithfidh na suimeanna bliantúla is iníoctha ar aibíochtaí na mbannaí arna n-eisiúint agus ar an straitéis aisíocaíochta fiachais, agus urramófar ag an am céanna an teorainn le haisíocaíocht phríomhshuim na gcistí dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír sin a shocraítear ag 7,5 % den uasmhéid atá le húsáid i gcás an chaiteachais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5 (1) den Chinneadh sin.

E. Níor cheart laghdú míchuí ar chaiteachas cláir ná ar ionstraimí infheistíochta faoi CAI a bheith mar thoradh ar chaiteachas bhuiséad an Aontais i ndáil le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc. Is inmhianaithe freisin na méaduithe ar an acmhainn dhílis ONI-bhunaithe a mhaolú do na Ballstáit.

F. Dá bhrí sin, agus ionas go bhfeabhsófar inchreidteacht agus inbhuaine phlean aisíocaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, oibreoidh na hInstitiúidí chun acmhainní dílse nua leordhóthanacha a thabhairt isteach d'fhonn méid a chomhfhreagraíonn don chaiteachas a bhfuiltear ag súil leis agus a bhaineann leis an aisíocaíocht a chumhdach. I gcomhréir le prionsabal na huilíochta, ní chiallódh sin go gcuirfí i leataobh ná go sannfaí aon acmhainn dhílis ar leith chun cineál sonrach caiteachais a chumhdach.

G. Aithníonn na hInstitiúidí gur cheart go gcuirfí maoiniú leordhóthanach chaiteachas an Aontais in CAI chun cinn le tabhairt isteach ciseán d'acmhainní dílse nua agus go laghdófaí sciar na ranníocaíochtaí náisiúnta OIN-bhunaithe i maoiniú bhuiséad bliantúil an Aontais. Dá ndéanfaí foinsí ioncaim a éagsúlú, thiocfaí díriú níos fearr ar chaiteachas ar leibhéal an Aontais a bhaint amach ar réimsí tosaíochta agus ar earraí poiblí comhchoiteanna le gnóthachain éifeachtúlachta móra i gcomparáid le caiteachas náisiúnta.

H. Dá bhrí sin, ba cheart acmhainní dílse nua a ailíniú le cuspóirí beartais an Aontais agus ba cheart dóibh tosaíochtaí de chuid an Aontais a chur chun cinn amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach, agus ba cheart dóibh rannchuidiú le cothromas cánach agus leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise cánach agus na himghabhála cánach a neartú.

I. Comhaontaíonn na hInstitiúidí gur cheart, de rogha, acmhainní dílse nua a chruthú ar shlí ina bhféadfaí "airgead úr" a ghiniúint. Ag an am céanna, tá sé mar aidhm acu an rómhaorlathas agus an t-ualach ar chuideachtaí, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus ar shaoránaigh, a laghdú.

J. Ba cheart go gcomhlíonfaí critéir na simplíochta, na trédhearcachta, na hintuarthachta agus na cothroime le hacmhainní dílse nua. Níor cheart ualach riaracháin iomarcach ar institiúidí an Aontais agus ar chórais riaracháin náisiúnta a bheith mar thoradh ar ríomh, aistriú agus rialú na n-acmhainní dílse nua.

K. I bhfianaise na gceanglas nós imeachta trom a bhaineann le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach, comhaontaíonn na hInstitiúidí gur cheart an t-athchóiriú riachtanach ar chóras na n-acmhainní dílse a bhaint amach le líon teoranta athchóirithe ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

L. Dá bhrí sin, comhaontaíonn na hInstitiúidí go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile le linn thréimhse 2021-2027 ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar mhaithe le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach i gcomhréir leis an treochlár a leagtar amach i gCuid B agus leis na dátaí a leagtar amach inti.

M. Aithníonn na hInstitiúidí freisin a thábhachtaí atá na huirlisí do Reachtóireacht Níos Fearr mar a leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([1]), go háirithe an measúnú tionchair.

CUID A Prionsabail maidir leis an gcur chun feidhme

1. Déanfaidh an Coimisiún na tograí reachtacha is gá le haghaidh acmhainní dílse nua agus le haghaidh acmhainní dílse nua a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear i bpointe 10 i gcomhréir le prionsabail um Reachtóireacht Níos Fearr. Chuige sin, tabharfaidh sé aird chuí ar na moltaí arna dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Beidh an reachtaíocht cur chun feidhme is ábhartha d'acmhainní dílse ag gabháil leis na tograí reachtacha sin.

2. Comhaontaíonn na hInstitiúidí maidir leis na prionsabail threoracha seo a leanas i dtaca le ciseán acmhainní dílse nua a thabhairt isteach:

(a) méid a chruinniú trí na hacmhainní dílse nua ar leor é chun leibhéal an chaiteachais ionchasaigh iomláin a chumhdach i gcomhair aisíocaíocht na príomhshuime agus ús na gcistí a gheofar ar iasacht chun úsáid ar chaiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, agus prionsabal na huilíochta á urramú ag an am céanna. Leanfar de bhuiséad an Aontais a chistiú mar ioncam ginearálta le hioncam ó acmhainní dílse ar mó é ná a bhfuil ag teastáil don aisíocaíocht, i gcomhréir le prionsabal na huilíochta;

(b) beidh sé mar aidhm leis na caiteachais lena gcumhdaítear costais mhaoiniúcháin Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh gan caiteachais ar chláir agus ar chistí de chuid an Aontais a laghdú;

(c) na hacmhainní dílse a ailíniú le tosaíochtaí de chuid an Aontais, amhail an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, an geilleagar ciorclach, Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach agus rannchuidiú le cothromas cánach agus leis an gcomhrac i gcoinne calaoise cánach agus na himghabhála cánach a neartú;

(d) critéir na simplíochta, na trédhearcachta agus na cothroime a urramú;

(e) cobhsaíocht agus intuarthacht an tsreafa ioncaim a áirithiú;

(f) gan ualach riaracháin iomarcach a chur ar institiúidí an Aontais ná ar chórais riaracháin náisiúnta;

(g) ioncam breise "úr" a ghiniúint más féidir;

(h) ag an am céanna, é a bheith mar aidhm an rómhaorlathas agus an t-ualach ar chuideachtaí a laghdú., go háirithe ar FBManna, agus ar shaoránaigh.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle anailís agus plé ar na tograí reachtacha dá dtagraítear i bpointe 1 agus rachaidh siad ar aghaidh gan moill mhíchuí leo i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha d'fhonn cinneadh gasta a éascú. Tar éis don Choimisiún na tograí uaidh a thíolacadh, tiocfaidh comhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus ionadaithe ón gComhairle le chéile i láthair ionadaithe an Choimisiúin le linn a bpléití chun staid na himeartha a chur in iúl dá chéile. Chomh maith leis sin, rachaidh na hInstitiúidí i mbun idirphlé tráthrialta chun an dul chun cinn a mhéid a bhaineann leis an treochlár a bhreithniú.

CUID B Treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach

An chéad chéim: 2021

4. Mar chéad chéim, tabharfar acmhainn dhílis nua isteach a mbeidh feidhm aici amhail ón 1 Eanáir 2021 agus ag a mbeidh sciar d'ioncam ó ranníocaíochtaí náisiúnta arna ríomh de réir mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte, mar a fhoráiltear sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm i mí Eanáir 2021, faoi réir formheas ó na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

([1]) An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

5. Cuirfidh an Coimisiún, tar éis na measúnuithe tionchair a seoladh in 2020, tograí ar aghaidh maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus maidir le tobhach digiteach, mar aon le togra tionlacain chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ar an mbonn sin faoi mhí an Mheithimh 2021. Tá sé beartaithe na hacmhainní dílse nua sin a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí.

6. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Chóras an Aontais Eorpaigh i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in earrach na bliana 2021, lena n-áirítear an fhéidearthacht é a leathnú chun eitlíocht agus cúrsaí muirí a chumhdach. Molfaidh sé faoi mhí an Mheithimh 2021 acmhainn dhílis atá bunaithe ar Chóras an Aontais Eorpaigh i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.

7. Comhaontaíonn na hInstitiúidí go bhfuil an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus Córas an Aontais Eorpaigh i ndáil le Trádáil Astaíochtaí idirnasctha ó thaobh téama de agus gurbh fhiú dá réir sin iad a phlé den mheon céanna.

An dara céim: 2022 agus 2023

8. Tar éis na nósanna imeachta is infheidhme faoi na Conarthaí agus faoi réir formheas ó na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, tá sé beartaithe na hacmhainní dílse nua seo a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023.

9. Pléifidh an Chomhairle na hacmhainní dílse nua seo faoin 1 Iúil 2022 ar a dhéanaí chun iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023.

An tríú céim: 2024 -2026

10. Déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar mheasúnuithe tionchair, acmhainní dílse nua breise a mholadh, lena bhféadfaí a áireamh Cáin ar Idirbhearta Airgeadais agus ranníocaíocht airgeadais a bhaineann leis an earnáil chorparáideach nó comhbhonn nua don cháin chorparáideach. Féachfaidh an Coimisiún le togra a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh 2024.

11. Tar éis na nósanna imeachta is infheidhme faoi na Conarthaí agus faoi réir formheas ó na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, tá sé beartaithe na hacmhainní dílse breise nua den sórt sin a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026.

12. Pléifidh an Chomhairle na hacmhainní dílse nua seo faoin 1 Iúil 2025 ar a dhéanaí chun iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA